etbi
Education and Training Boards Ireland
Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann



Beartas Soláthair

BOO Thiobraid Árann

Faofa ag BOO Thiobraid Árann

Leagan 1: Forbartha ag Gréasán Soláthair PPWG BOO agus faofa ag an bhFóram CE ar an 24.01.18
<u>Leagan 2</u>: Nuashonraithe ag Gréasán Soláthair PPWG BOO agus faofa ag Gréasán Soláthair BOO 28.01.21. Faofa ag Fóram OSD ar an 04.02.2021

Réimse Beartais	Caipiteal & Soláthar (C&P)
Uimhir Thagartha an Doiciméid	TETB/C&P/PROC/03
Uimh. an Leagain	3
Doiciméad Dréachtaithe Ag	Gréasán Soláthair BOO
An Dáta ar dáileadh an Leagan Roimhe Seo ar BOO Thiobraid Árann	
Leasuithe le sonrú de réir na rannóige / uimhir an leathanaigh	Rannóg 7 – Tairseacha / Amscálaí Leasú déanta chun léargas a thabhairt ar Thairseacha athbhreithnithe ón 1 Eanáir 2022
Dáta Athbhreithnithe / Daingnithe ag an bhFoireann Bhainistíochta Shinsearach – Príomhfheidhmeannach agus Stiúrthóirí	
Dáta Fógartha / le Fógairt ag BOO Thiobraid Árann	
Dáta Aistarraingthe an Doiciméid atá As Feidhm	

1 Cuspóir 3
2 Sainmhínithe 3
3 Giorrúcháin 4
4 Creat Rialála 4
5 Prionsabail Soláthair Phoiblí 5
6 Freagracht as Soláthar 6
7 Tairseacha & Amscálaí 7
8 Nós Imeachta Earraí/Soláthairtí agus Seirbhísí 10
9 Oibreacha (Foirgníocht agus Seirbhísí Gaolmhara) 11
10 Foinse Ar Éill nó Aonair 11
11 Sonraíochtaí 12
12 Creataí & Conarthaí Náisiúnta/ Earnálacha 13
13 Critéir Roghnúcháin/Réamhcháilithe 13
14 Critéir Dámhachtana 13
15 Admháil agus Oscailt RFQanna/RFTanna 14
16 Meastóireacht 14
17 Léasú 15
18 Bainistíocht Conarthaí 15
19 Eitic 16
20 Coimeád Taifead 16
21 Doiciméid Tairisceana 17
22 Cur Chun Feidhme agus Athbhreithniú 17
Aguisín 1 An Timthriall Soláthair 18
Aguisín 1a foirm shamplach mheastóireachta rfq (€5,000-€25,000) 19
Aguisín 2 Teimpléad na foirm iarratais tairisceana (conarthaí a bhfuil luach níos mó ná €25K luaite leo) 20
Aguisín 3 Seicliosta Soláthair agus Comhad Conartha 21
Aguisín 4 Treoir Phoiblí AE (Airteagal 84) Tuarascáil Iniúchta 21
Aguisín 5 Teimpléid: Plean Soláthair Chorparáidigh & Doiciméid Tairisceana Faoi Thairseach AE 22
Aguisín 6 Doiciméid Tairisceana Os Cionn Thairseacha AE 23
Aguisín 7 Treoirlínte Soláthair Phoiblí le haghaidh Earraí agus Seirbhísí 23
Aguisín 8 Eitic i Soláthar Poiblí 24
Aguisín 9 Oibreacha (Foirgníocht agus Seirbhísí Gaolmhara) 26
Aguisín 10 Iarratas Soláthraí Aonar/ Ar Éill 26
Aguisín 11 MAOLÚ 30
Aguisín 12 Iarratas Soláthraí Aonar/ Ar Éill 31
Aguisín 13: Brexit agus soláthar poiblí 32
Aguisín 14: R-leabharlann Eorpach dea-chleachtas soláthair phoiblí 32

Beartas Soláthair BOO Thiobraid Árann

1 CUSPÓIR

Is é cuspóir an doiciméid seo an beartas soláthair a bhaineann le hearraí (ar a dtugtar soláthairtí freisin), seirbhísí agus oibreacha a bheith in úsáid ag BOOnna a shoiléiriú agus a chinntiú go bhfuil soláthar trí BOOnna á chur i gcrích de réir Rialacháin & Threoracha, Reachtaíocht, Bheartas agus Threoirlínte Náisiúnta agus an Aontais Eorpaigh maidir le Soláthar Poiblí. Tá dualgas ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil an fheidhm soláthair phoiblí in úsáid go heiticiúil, go hionraic agus go cothrom ar bhealach a chinntíonn go bhfuil an luach is fearr ar airgead á fháil. Ba cheart an beartas seo a léamh i dteannta leis na beartais airgeadais ábhartha BOO.

2 SAINMHÍNITHE

Go ginearálta, is éard atá i gceist le **'Soláthar'** an fheidhm uileghabhálach a dhéanann cur síos ar na gníomhaíochtaí agus próisis a bhaineann le hearraí agus seirbhísí a fháil ó fhoinse sheachtrach. I gcomparáid le "ceannach", cuimsítear i soláthar na gníomhaíochtaí ar fad a bhaineann le ceanglais a bhunú, taighde margaidh, cur chuige, meastóireacht ar sholáthraí / tairiscint, idirbheartaíocht agus dámhadh conarthaí agus bainistíocht conarthaí.[1]

Tagraíonn **'Soláthar Poiblí'** don phróiseas ina gceannaíonn comhlachtaí poiblí oibreacha, earraí nó seirbhísí ó sholáthraithe atá roghnaithe acu chun na críche seo. Áirítear ann ceannach gnáth-earraí nó gnáthsheirbhísí agus conarthaí mórscála do thionscadail bhonneagair agus cuimsítear ann raon leathan agus éagsúil údarás conarthach.[2]

Is éard atá i gceist le '**Conradh Poiblí'** conradh chun oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí a sholáthar d'údarás conarthach. Chomh maith leis sin, cuimsítear ann gach soláthar, ní hamháin na soláthairtí a eascraíonn as próiseas tairisceana iomlán agus síniú foirmiúil conartha.[3]

Chun críche soiléire, sa bheartas seo úsáidtear an téarma **'Tairiscint'** agus '**Tairisceana**' chun cur síos a dhéanamh ar na nósanna imeachta a bhaineann le soláthairtí atá os cionn na Tairsí Náisiúnta (soláthairtí agus seirbhísí luach €25k; oibreacha luach €50k) agus tagraíonn '**luachaintí**' do na nósanna imeachta a úsáidtear le haghaidh soláthairtí atá faoin Tairseach Náisiúnta

Earraí/Soláthairtí: ceannach, léasú nó ceannach earra nó táirge (*e.g*. feithiclí, TF, stáiseanóireacht)

Seirbhís: soláthar seirbhísí cosúil le ceaintín, seirbhísí glantacháin, dlí, gairmiúla etc.

Obair: dearadh agus forbairt foirgnimh / innealtóireacht shibhialta

Creat-Chomhaontú: comhaontú idir údarás conarthach amháin nó níos mó agus idir soláthróir amháin nó níos mó lena mbunaítear cuid de na téarmaí nó na téarmaí ar fad a bhaineann le conarthaí le haghaidh soláthairtí, oibreacha nó seirbhísí ar féidir iad a úsáid i rith thréimhse an chomhaontaithe gan tuilleadh fógraíochta.

Sealbhóir Buiséid: Is éard atá i gceist le sealbhóir buiséid Stiúrthóirí Tacaíochta & Forbartha Eagraíochta (OSD), Seirbhísí Scoileanna (SS) agus Breisoideachas agus Oiliúint (FET), mar aon le Príomhoidí Scoile, Stiúrthóirí Coláistí Breisoideachais, Bainisteoirí Ionad Oiliúna, Comhordaitheoirí Oideachais Aosaigh / Bainisteoirí Clár, Bainisteoirí Ionad Oideachais Allamuigh agus Bainisteoirí eile

[1] Treoir do Scoileanna maidir le Dea-Chleachtais Soláthair, (SPU; Eanáir 2017) Cliceáil anseo chun teacht ar an nasc
[2] Treoirlínte Soláthair Phoiblí maidir le hEarraí agus Seirbhísí na hOifige um Sholáthar Rialtais Cliceáil anseo chun teacht ar an nasc

[3] I.R. Uimh. 284 de 2016 Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Conarthaí Údarás Poiblí a Dhámhachtain), 2016 Cliceáil anseo chun teacht ar an nasc

3 GIORRÚCHÁIN

MEAT: An Tairiscint is Buntáistí go hEacnamaíoch	**SRFT:** Iarratas Forlíontach ar Thairiscint (dá dtagraítear 'mionchomórtas' uaireanta)
ITT: Cuireadh chun Tairisceana	**RFQ:** Iarratas ar Luachaintí
RFT: Iarratas ar Thairiscint	**RFI:** Iarratas ar Fhaisnéis
PIN: Fógra Réamhfhaisnéise	**SLA:** Comhaontú ar Leibhéal Seirbhíse
OJEU: Irish Oifigiúil an Aontais Eorpaigh	**PO:** Ordú Ceannaigh
DE: An Roinn Oideachais agus Scileanna	**PMO:** Oifig Chlár um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí
TRD: Doiciméad Freagartha Tairisceana	**OGP**: An Oifig um Sholáthar Rialtais

4 CREAT RIALÁLA

Tá beartais agus nósanna imeachta Soláthair BOO á rialú ag:

1. I.R. Uimh. 284 de 2016: Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Conarthaí Údarás Poiblí a Dhámhachtain), 2016 [4]Ceanglaíonn Treoir Conarthaí Poiblí an AE (Airteagal 84) ar gach údarás conarthach tuarascáil scríofa a ullmhú i ndiaidh gach comórtas tairisceana, seachas i gcás mionchomórtas a reáchtáiltear faoi chreat-chomhaontuithe. Tá na mionsonraí maidir leis an méid ba cheart a chur ar fáil sa tuarascáil iniúchta seo le fáil in Aguisín 4. Tá gach reachtaíocht agus treoir ghaolmhar AE eile le fáil anseo.
2. Creat Beartais Náisiúnta Soláthair Phoiblí / Faisnéis Treorach
3. Treoirlínte Soláthair Phoiblí OGP le haghaidh Earraí agus Seirbhísí (2019)
4. Imlitreacha na Roinne maidir le Soláthar:
    - Imlitir DPER 02/16 Socruithe le haghaidh Caiteachas Digiteach agus TFC gaolmhar sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí
    - Imlitir DE 0056/2015 Úsáid Socruithe Lárnacha Soláthair atá bunaithe ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Ba cheart an imlitir seo a léamh i dteannta le Imlitir DPER 16/2013 & Imlitir DE 60/2013.
    - Imlitir 0002/2019 Cód Cleachtais maidir le Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna. Soláthraítear sa Chód Cleachtais creat le haghaidh cur i bhfeidhm dea-chleachtais i rialachas corparáideach in BOOnna. Ba cheart do BOOnna a dtiomantas do na caighdeáin rialachais chorparáidigh is airde agus is féidir a chomhlíonadh a léiriú.
    - Imlitir 003/2019 Treoirlínte Dea-chleachtais agus ceanglais maidir le Conarthaí do Sholáthar Earraí agus/nó Seirbhíse agus Ceanglas maidir le Faomhadh Roinne sula gcuirtear Seirbhísí Neamhlárnacha ar fáil le haghaidh Dámhachtainí agus Socruithe Dlí agus Nithe Eile.
    - Imlitir DPER 10/14: Tionscnaimh chun cabhrú le FBManna le Soláthar Poiblí
    - Imlitir DPER 05/2013: Soláthar seirbhísí dlí agus Costais Dlí a bhainistiú
    - Imlitir DE 39/2011: Treoirlínte Dea-chleachtais maidir le Conarthaí le haghaidh Soláthar Earraí agus / nó Seirbhísí
    - Creat Bainistíochta Oibreacha Caipitiúla
    - Imlitir 20/2019: - Imlitir Rialtas na hÉireann maidir le Tacú le húsáid Breithniúchán Timpeallachta agus

[4] Ainneoin go gceanglaítear an méid seo a leanas sna rialacháin, "coimeádfaidh an t-údarás lena mbaineann taifid, le haghaidh tréimhse 3 bliana ar a laghad ó dháta dáfa an chonartha", moltar go gcloífeadh BOOnna lena mbeartas coimeád taifead a d'fhéadfadh a bheith idir 7 agus 22 bliain (más cláir atá á maoiniú ag an AE atá i gceist)

Sóisialta i Soláthar Poiblí. Is fianaise é seo ar thiomantas do thacú le Soláthar Poiblí Glas (nó ceannach glas) trí iarraidh ar an Roinn smaoineamh ar chritéir ghlasa a áireamh ina bpróisis soláthair, agus an imlitir a sholáthar mar chuid de rolladh amach Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Rialtais. Tá samplaí de dhea-chleachtas le fáil sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta – ' Tairiscintí Glasa'

- Cód Cleachtais SF do Chomhlachtaí Poiblí. Is éard atá sa Chód Cleachtais Saorála Faisnéise tacar treoirlínte d'údaráis phoiblí atá faoi dliteanas iarratas ar fhaisnéis a fhreagairt faoin Acht SF. Tá moltaí le fáil ann do chomhlachtaí maidir le conas cloí leis an dlí agus céard is dea-chleachtas ann.
- An Cód Caiteachais Phoiblí: Is éard atá sa Chód Caiteachais Phoiblí an tacar rialacha agus nósanna imeachta a chinntíonn go gcloítear leis na caighdeáin seo i seirbhís phoiblí na hÉireann trí chéile.
  I mí na Nollag 2019, nuashonraigh an imlitir (Imlitir 24/2019) seo an Cód Caiteachais Phoiblí a bhaineann leis caiteachas caipitiúil, agus chomh maith leis sin, nuashonraíodh an Treoirlínte a bhaineann le húsáid PPPanna agus comhdhlúthaíodh an treoir maidir leis an gCód Caiteachais Phoiblí ar an suíomh gréasáin seo.

5. Pleanáil Soláthair Chorparáidigh. Mar atá sonraithe in Imlitir 0002/2019 Cód Cleachtais maidir le Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna, ceanglaítear ar gach BOO "a dheimhniú go bhfuil Plean Soláthair Chorparáidigh forbartha agus á chur chun feidhme". Chuige sin, chomhaontaigh an Earnáil BOO glacadh le teimpléad an Phlean Soláthair Chorparáidigh, lena n-áirítear MAPP [5](Plean Soláthair Ilbhliantúil) agus an Plean sin a chur faoi bhráid ETBI gach bliain ar mhaithe le tiomsú earnálach agus seoladh ar aghaidh chuig OGP/ EPS.
6. Cásdlí: Tá Soláthar Poiblí á rialú ag Treoracha agus reachtaíocht AE. Ceanglaíonn Treoracha AE go bhfuil gach ceanglas ceannaigh (Tairiscintí) os cionn "Luachanna Tairsí" atá i bhfeidhm faoi láthair, faoi réir Iomaíochais Eorpaigh. Ní mór tairiscint a bhfuil luach os cionn na Tairsí Luacha infheidhme luaite seo a fhoilsiú in Irish Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (OJEU) agus ní mór cloí le próiseas sonraithe
   a bhfuil amscálaí forordaithe sonraithe ann chun críche tairisceana. Faoi Luachanna Thairseach AE, ní mór go mbeadh
   comórtas á reáchtáil chun Rialacha Soláthair Rialtas na hÉireann a chomhlíonadh mar aon leis an prionsabail ghinearálta a bhaineann le Neamh-idirdhealú, Cóir Chomhionann, Trédhearcacht, Aitheantas Frithpháirteach agus de réir Chonarthaí an AE.

5 PRIONSABAIL SOLÁTHAIR PHOIBLÍ

Baineann feidhm le Conradh na Róimhe maidir le feidhmiú an AE i ndáil le gach gníomhaíocht soláthair beag beann ar luach. Ní mór go gcomhlíonfadh soláthar Earraí/Soláthairtí, Seirbhísí nó Oibreacha san earnáil phoiblí prionsabail soláthair bhunúsacha an Chonartha:

- **Trédhearcacht:** Tá gach gníomhaíocht soláthar oscailte agus trédhearcach agus tá dóthain faisnéise curtha ar fáil do gach duine. Ba cheart rúin agus cinntí soláthair a fhógairt go poiblí.
- **Cóir Chomhionann agus Neamh-Idirdhealú:** Baineann na rialacha céanna le comhchearta rochtana. Ní mór cinntí a bhunú ar oibiachtúlacht agus cothroime.
- **Comhréireacht:** Ní mór go mbeadh gach beart a úsáidtear riachtanach agus oiriúnach chomh fada is a bhaineann leis an gcuspóir *i.e.* dámhadh an chonartha. Níor cheart aon choinníollacha, critéir nó rialacha iomarcacha nó díréireacha a chur i bhfeidhm.
- **Aitheantas Frithpháirteach**: Tá an bhailíocht chéanna le lua le cáilíochtaí / caighdeáin atá infheidhme i mBallstáit eile.

[5] Féach Aguisín 5 Teimpléid: Plean Soláthair Chorparáidigh & Doiciméid Tairisceana Faoi Thairseach AE

6 FREAGRACHT AS SOLÁTHAR

6.1 AN OIFIG UM SHOLÁTHAR RIALTAIS (OCGP)

Tá an phríomhfhreagracht ar OGP as earraí, seirbhísí agus oibreacha a fhoinsiú don tseirbhís phoiblí. Is é beartas an Rialtais, gur cheart do chomhlachtaí poiblí, más féidir, úsáid a bhaint as creataí agus conarthaí soláthair phoiblí a bhunaíonn an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP). Tá na creataí agus conarthaí lárnacha soláthair seo deartha chun an oiread buntáistí agus is féidir a sholáthar don tseirbhís phoiblí trí chomhtháthú straitéiseach a cuid cumhachta. Tá tuilleadh eolais maidir le Creataí agus Conarthaí Lárnacha OGP le fáil anseo. De réir shamhail an rialtais, soláthraíonn rialtas áitiúil agus oideachas earraí agus seirbhísí don earnáil phoiblí freisin.

6.2 BORD BOO6

Ba cheart d'fhoireann bhainistíochta BOO agus don Bhord a chinntiú go bhfuil béim chuí á leagan ar dhea-chleachtas i ndáil le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta bunaithe chun comhlíontacht leis an mbeartas agus leis na treoirlínte soláthair a chinntiú. Tá an Bord freagrach as a chinntiú go dtuigeann an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin na tairseacha luacha reatha a bhaineann le cur i bhfeidhm Rialacha Soláthair Náisiúnta agus AE agus go bhfuiltear ag cloí leis na ceanglais a bhaineann le soláthar poiblí. Sa chás go bhfuil gá le soláthar áitiúil, ba cheart gurb é próiseas tairisceana iomaíoch an nós imeachta caighdeánach a bhaineann le soláthar i measc BOOnna. Is ar an mBord atá an fhreagracht as a chinntiú go bhfuil córas leordhóthanach agus oiriúnach de rialú inmheánach bunaithe ag an bPríomhfheidhmeannach, lena n-áirítear bainistíocht riosca agus rialachas corparáideach, sa BOO. Cabhróidh an obair atá á cur i gcrích ag an gCoiste Iniúchta leis an mBord an fheidhm seo a chomhlíonadh.
Sonraítear i Rannóg 8.13 den Chód Cleachtais do Rialachas BOOnna: "Ba cheart go mbeadh baill an Bhoird sásta go bhfuil beartais agus nósanna imeachta soláthair forbartha agus foilsithe agus curtha ar fáil do gach ball foirne. Ba cheart a chinntiú freisin go bhfuil nósanna imeachta bunaithe chun neamhchomhlíontacht le Nósanna Imeachta soláthair a bhrath. Ba cheart go mbeadh
bunachar sonraí conarthaí/liosta ag gach eintiteas le haghaidh conarthaí/íocaíochtaí sa bhreis ar €25,000 agus ba cheart go mbeadh córais faireacháin bunaithe ionas gur féidir aird a tharraingt ar sholáthar neamhiomaíoch. Ba cheart soláthar neamhiomaíoch a thuairisciú i dtuarascáil chuimsitheach an Chathaoirligh don Aire."

6.3 AN FHOIREANN BHAINISTÍOCHTA FEIDHMIÚCHÁIN

Tá an Príomhfheidhmeannach ag feidhmiú mar Oifigeach Cuntasaíochta BOO. Tá Stiúrthóir na Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta, a thuairiscíonn don Phríomhfheidhmeannach, freagrach as Rialachas agus Bainistíocht fheidhm riaracháin an BOO agus as maoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht acmhainní an BOO sna ranna seo a leanas - Acmhainní Daonna, Seirbhísí Corparáideacha, Airgeadas, Soláthar agus Feidhmeanna TFC.

6.4 RÓL AN BHAINISTEORA ATÁ FREAGRACH AS SOLÁTHAR

Tuairiscíonn an Bainisteoir atá freagrach as riaradh Soláthair do Stiúrthóir OSD[7]. Tá an Bainisteoir freagrach as an mBeartas Soláthair, athbhreithniú agus bainistíocht an Bheartais i gcomhar leis an bPríomhfheidhmeannach, Stiúrthóir OSD agus as an méid seo a leanas:

- Forbairt agus cur chun feidhme Plean Soláthair Chorparáidigh (nuair atá córais airgeadais ar fáil chun na sonraí/treochtaí ceannaigh riachtanacha a ghabháil a theastaíonn chun críche forbartha).
- A chinntiú go bhfuil creataí agus conarthaí OGP náisiúnta oiriúnacha a ndearnadh idirbheartaíocht ina leith ar bhonn lárnach ar fáil agus á ndáileadh i ndáil le soláthairtí agus seirbhísí atá á gceannach ag gach roinn,

[6] Ó Cód Cleachtais do Rialachas BOOnna
[7] Stiúrthóir na Tacaíochta agus na Forbartha Eagraíochtúla

sa chás gur léir bunaithe ar chomhbhailiúcháin torthaí caiteachais an bhuiséid gur ann do bhuntáiste soiléir VFM agus/nó gur léir go laghdaíonn a leithéid sin de chonradh an riosca dlíthiúil nó conarthach don BOO.

- A chinntiú go gcoimeádann agus go gcosnaíonn gach conradh a bhfuil an BOO páirteach ann leas an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.
- Treoir cothrom le dáta maidir le reachtaíocht atá infheidhme do Sholáthairtí BOO a sholáthar.
- An fhoireann Soláthair a bhainistiú agus ar an tslí sin, Seirbhís Tacaíochta ghairmiúil a sholáthar.
- Seisiúin oiliúna do na bail foirne ar fud BOO a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí Soláthair a chomhordú.
- Idirchaidreamh agus rannpháirtíocht ghníomhach leis an Rialtas agus le Gníomhaireachtaí / cuibhreannais earnála poiblí a bhfuil baint acu le ceannach.

6.5 RÓL NA SEALBHÓIRÍ BUISÉID

Tá an t-údarás ag Sealbhóirí Buiséid caiteachas a thabhú thar ceann an BOO laistigh de theorainneacha a mbuiséad fógartha agus na tairseacha thíos. Tá freagracht agus cuntasacht laethúil orthu as a chinntiú go gcuirtear na Beartais agus Nósanna Imeachta Soláthair i bhfeidhm i ndáil le gach ceannachán earraí agus seirbhísí laistigh dá n-údarás sainithe. Ní mór dóibh an méid seo a leanas a chinntiú:

- Tá úsáid á baint as Creataí Náisiúnta OGP/agus Soláthraithe ar Conradh Lárnach más cuí.
- Ba cheart aird an Bhainisteora atá freagrach as Soláthar a tharraingt ar aon cheannach féideartha a chosnaíonn níos mó ná €15,000 ar bhonn tráthúil. Ar an tslí seo, cinnteofar gur féidir an próiseas soláthair a chur i gcrích agus go bhfuil na hearraí/na seirbhísí á soláthar ar bhonn tráthúil freisin.
- Ní mór do Shealbhóir an Bhuiséid a dheimhniú go bhfuil buiséad ar fáil ionas gur féidir leis an mBainisteoir atá freagrach as Soláthar an próiseas tairisceana a ghníomhachtú
- Maidir le tairiscintí a bhfuil luach €25,000 luaite leo, moltar foirm iarratais ar thairiscint a chomhlánú. Tá teimpléad ar fáil in Aguisín 2.
- I ndiaidh Meastóireacht a dhéanamh ar an Tairiscint agus moladh a dhéanamh agus sula ndámhtar Conradh, ní mór faomhadh a fháil ón Stiúrthóir[8] nó Príomhfheidhmeannach ábhartha de réir na leibhéal faofa atá sonraithe i dtábla 7 - tairseacha & amscála faofa. [9]
- Ní reáchtáiltear comórtais Soláthair a bhaineann le hOibreacha Tógála gan dul i mbun idirchaidrimh leis an Roinn Foirgníochta / Oifigeach Foirgneamh Ainmnithe ar dtús.
- Cuirtear an comórtas soláthair sin i gcrích laistigh den bhuiséad údaraithe de réir an bheartais seo.
- Ceannach agus íocaíochtaí Ionad Oiliúna: Ní mór d'Ionaid Oiliúna Beartas Soláthair BOO a chomhlíonadh. Tá an Bainisteoir atá freagrach as Soláthar in BOO freagrach as maoirseacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme bheartais agus nósanna imeachta Soláthair BOO i ngach réimse laistigh den BOO.

[8] i.*e*. Stiúrthóir na Tacaíocht agus Forbartha Eagraíochta, an Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna, an Stiúrthóir Scoileanna

[9] Faomhadh le haghaidh idir €25,000 - €215,000 ag leibhéal Stiurthóir agus níos mó ná €215,000+ ag leibhéal an Phríomhfheidhmeannaigh

1 TAIRSEACHA & AMSCÁLAÍ

Is é próiseas iomaíoch an bealach is fearr chun luach ar airgead poiblí a chinntiú agus is ionann na tairseacha thíos agus na híoschaighdeáin riachtanacha. Seo a leanas na tairseacha atá luaite le luachaintí agus tairiscintí faoi láthair:

	Tairseach[11]	Nós Imeachta[12]	Foilsigh ar E-Tenders?	Foilsigh ar OJEU[13]?	Leibhéal an Údaráis Soláthair
SOLÁTHAIRTÍ & SEIRBHÍSÍ[10]	€0 - €500	Eisigh PO	Sa chás nach gá é a fhoilsiú, smaoinigh ar an bhfeidhm 'Luachan Thapa' ar E-Tenders a úsáid Tá eolas maidir le bearta sóisialaithe le fáil i bhfonóta[14]		Sealbhóir Buiséid
	€501-€5,000	Luach iomaíoch amháin nó níos mó - más luachan ó bhéal atá i gceist, doiciméadaigh na sonraí.[15]			
	€5,001-€15,000	Lorg 3 luach scríofa faoin spriocdháta atá sonraithe			
	€15,001-€25,000	Lorg 5 luachan scríofa faoin spriocdháta atá sonraithe. Úsáid próiseas soiléir e.g. sonraíocht, meastóireacht, fógairt.			An Sealbhóir Buiséid i gcomhairle le Soláthar
	€25,000-€125,000 €125.00-€215,000	Nós Imeachta Oscailte (céim aonair gan céim réamhcháilithe) An Rogha Nós Imeachta (e.g. oscailte, srianta, plé iomaíoch)	☑ ☑		Faomhadh ón Stiúrthóir ag teastáil
	€215,000+[16]	Rogha Nóis Imeachta		☑	Faomhadh ón bPríomhfhei dhmeannach ag teastáil
	> €750,000	Seirbhísí Theideal III[17]		☑	
OIBREACHA/LAMHÁLATAIS[18]	€0 - €500 €501-€5,000 €5,001-€15,000	De réir na soláthairtí & seirbhísí (thuas)	Ainneoin nach gá na sonraí a fhoilsiú, glactar leis gurb é e-Tenders a úsáid an dea-chleachtas		Bainisteoir Soláthair Chaipitiúil agus faomhadh ón Stiúrthóir ag teastáil
	€15,001-€50,000	Lorg 5 luachan i scríbhinn faoin spriocdháta sonraithe.			
	€50,000-€2,500,000	Nós imeachta oscailte	☑		Stiúrthóir le Faomhadh an Phríomhfheid hmeannaigh
	€2,500,000-€5,382,000	Tionscadail mhóra/ chasta: Nós Imeachta Srianta. Tionscadail níos lú/ níos simplí: Nós Imeachta Oscailte	☑		
	€5,382,000+	Nós Imeachta Srianta		☑	

[10] Lena n-áirítear TFC. Teastaíonn faomhadh DPER le haghaidh aon chaiteachas TFC nua nó aon tionscnaimh TFC nua a bhfuil luach níos airde ná €25,000 luaite leo de réir Imlitir DPER 02/16 Socruithe le haghaidh Caiteachas Digiteach agus TFC gaolmhar sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí. Chomh maith leis sin, teastaíonn faomhadh ó DES le haghaidh tionscadal TFC ón seoladh ríomhphoist speisialta DPER0216@etbi.ie

[11] Níl CBL san áireamh sna tairseacha

[12] D'fhéadfadh go mbeadh cás gnó ag teastáil freisin le haghaidh ceannach eisceachtúil a chosnaíonn níos mó ná 25k, sa chás nach bhfuil creat lárnach in úsáid agus gur soláthar trealamh caipitiúil atá i gceist.

[13] Trí eTenders

[14] Sóisialú: D'fhéadfadh scoileanna agus ionaid BOO mic léinn atá faoi mhíchumas, cosúil le mic léinn in ASU, a thabhairt chomh fada le siopaí chun earraí a cheannach mar chuid de bhearta chun tacú le scileanna sóisialta na mac léinn seo a fheabhsú. Ar an gcuma chéanna, mar chuid den Chlár

Ógtheagmhála, múintear scileanna bunúsacha cócaireachta agus saoil do mhic léinn, mar chuid den churaclam dar teideal 'foghlaim conas siopadóireacht a dhéanamh' agus 'conas béilí a ullmhú'. D'ainneoin go mb'fhéidir nach mbeidh na siopaí sin á soláthar ag BOO ghlacfaí leo mar rogha soláthraí de réir na gcoinníollacha seo a leanas: ní sháraíonn an caiteachas atá luaite leis an tairseach PO (€500) agus is gníomhaíocht ***thionlactha, dírithe ar an bhfoghlaimeoir*** atá ann (seachas soláthar ginearálta ábhar seomra ranga atá faoi réir rialacha soláthair). Más cuid den phróiseas foghlama iad idirbhearta airgid, ba cheart nósanna imeachta airgeadais BOO le haghaidh ceannach airgid a chur i bhfeidhm.

[15] De réir Treoirlínte le haghaidh Earraí agus Seirbhísí (Iúil 2019) Soláthair Phoiblí DPER Leathanach 35) "is féidir conarthaí le haghaidh earraí agus seirbhísí a bhfuil luach measta de níos lú ná €5,000 (gan CBL) luaite leo a cheannach bunaithe ar luachaintí ó bhéal ó sholáthraí iomaíoch amháin nó níos mó (is é an nós dea-chleachtais 3 luachan ar a laghad a lorg atá á dheimhniú trí ríomphost)

[16] Tairseach an AE amhail ón Eanáir 2021. Nuashonraítear tairseacha AE gach dhá bhliain – tá na tairseacha reatha ar fáil anseo

[17] Seirbhísí tadhaill éadroim - níl an tairseach a bhaineann le conarthaí poiblí le haghaidh seirbhísí sóisialta agus seirbhísí sonracha eile atá liostaithe in Iarscríbhinn XIV de Threoir 2014/24/EU (ar a dtugtar seirbhísí "tadhall éadrom" go coitianta) athraithe agus tá an tairseach seo cothrom le €750,000. Ábhartha go háirithe do sheirbhísí cosúil le slándáil, oiliúint agus seirbhísí bialainne. Tá eolas le fáil anseo maidir leis an gcóras a cuireadh i bhfeidhm (leathanach 178) agus anseo maidir le liosta seirbhísí/ cóid CPV a chuirtear i bhfeidhm i ndáil le (Iarscríbhinn XIV).

[18] Tá eolas le fáil anseo maidir le Treoirlínte TGD DES is déanaí

1.1 DEONTAIS AGUS SOLÁTHAR BOO

I bhfianaise an líon deontas breise atá á fháil ag BOOnna ó chomhlachtaí Roinne agus gníomhaireachtaí seachtracha eile *i.e.* An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán/An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, Cuntais Dhíomhaoine, SEUPB/PEACE, ní mór cloí leis na tairseacha soláthair agus ceanglais iomaíochais a athbhreithníonn tú, le cois an bheartais seo, na coinníollacha agus an treoir deontais a eisítear ar dtús ag an gcéim iarratais agus chomh maith leis sin, leis an gcomhfhreagras faofa deontais a eisíonn an Roinn/an Ghníomhaireacht ábhartha. I gcásanna áirithe, beidh na tairseacha soláthair níos dochraidí ná an treoir atá sonraithe i Rannóg 7 den Treoir maidir le Tairseacha (thuas). I gcásanna eile, beidh an BOO ag feidhmiú mar idirghabhálaí chun críche riaradh an deontais do thríú páirtí amháin agus beifear ag súil go gcloífidh na tríú páirtithe leis an mbeartas seo, ar a laghad.

1.2 AMSCÁLAÍ

Nós Imeachta[20]	Admháil Léiriú Spéise	Admháil Tairiscintí	+Tréimhse neamhghníomhaíochta	+ceadaigh am le haghaidh
NÁISIÚNTA (Tairiscintí Neamh-OJEU)				
Náisiúnta – Oscailte (molta)	**N/B**	**21 lá**	**7**	• **Sonraíocht á hullmhú** • **Meastóireacht tairiscintí** • **Bailchríoch a chur leis an gconradh**
Náisiúnta – Srianta (molta)	**21 lá**	**21 lá**	**7**	
EORPACH (Tairiscintí OJEU)[21]				
Oscailte – r-sheoladh fógraí/doiciméad ar fáil	**N/B**	**35 lá**	**14**	
Oscailte – r-sheoladh & r-ghlacadh le tairiscintí	**N/B**	**30 lá**	**14**	
Oscailte – PIN	**N/B**	**15 lá**	**14**	
Srianta – r-sheoladh fógraí/doiciméad ar fáil	**30 lá**	**30 lá**	**14**	

1.3 MEAS LUACHANNA CONARTHA "LUACH CONARTHA" - COSTÁIL SAOLRÉ

Ní mór "luach an chonartha" a chinneadh ar dtús chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an "próiseas soláthair" atá le leanúint. Ní féidir cinneadh a dhéanamh maidir le luach iarbhír an chonartha ach nuair a chuirtear "Costáil Saolré" (LCC) an tsoláthair san áireamh. Measann LCC costas iomlán na húinéireachta (do shaol oibre na míre/na míreanna) agus ní hamháin go gcuirtear an praghas ceannaigh san áireamh, cuirtear san áireamh costais cosúil le tomhaltáin, conarthaí cothabhála bliantúla, deisiúcháin/páirteanna spártha, baránta etc. Cuimsítear i luach an chonartha do chonarthaí seirbhíse tréimhse iomlán an chonartha i.e. is éard atá i gceist i gconradh trí bliana an luach thar thrí bliana.

- Tá luach measta conartha bunaithe ar an méid iomlán iníoctha lena n-áirítear aon roghanna athnuachan
- Is den tábhacht é go bhfuil luach measta an chonartha cothrom le 10% níos lú ná an tairseach
- Ní mór luach iomlán na bhforannta (*e.g.* Lotaí) a chur san áireamh

[19] Curtha in iúl i bhfoirm laethanta Féilire agus bainteach le hearraí agus seirbhísí. Tá eolas maidir le hamscálaí a bhaineann le hoibreacha le fáil i Rannóg 9
[20] Tá sonraí maidir le hamscálaí a bhaineann le soláthairtí oibreachasonracha faoi Thairseach AE le fáil ag www.education.ie
[21] In imthosca eisceachtúla – ceadaítear teorainn ama níos gaire de 15 lá "sa chás go gciallaíonn staid phráinneach a dtugann na húdaráis chonarthacha bunús cuí leis go bhfuil an teorainn ama"

1.4 CÓIREÁIL CBL

Ba cheart cuireadh a thabhairt do thairgeoirí praghsanna tairisceana a chur ar fáil gan CBL. Forálann dlí CBL do chóir chomhionann i ndáil le soláthar earraí agus seirbhísí. Dá réir sin, níor cheart go n-eascródh aon bhuntáiste nó míbhuntáiste iomaíoch as cur i bhfeidhm ceart rialacha CBL. Tagraítear in Treoirlínte Soláthair Phoiblí le haghaidh Earraí agus Seirbhísí DPER (2019) d'fhigiúirí faoi Thairseacha AE chomh fada is a bhaineann le "**gan CBL".** Tagraítear in Imlitreacha na Roinne Airgeadais agus DE do luachanna conartha a bhfuil "**CBL san áireamh**" iontu le haghaidh conarthaí d'oibreacha atá faoi bhun thairseacha AE. Tá an treoir is déanaí atá eisithe ag DE PBU le fáil ag an nasc seo.

2 NÓS IMEACHTA MAIDIR LE HEARRAÍ/SOLÁTHAIRTÍ AGUS SEIRBHÍSÍ

2.1 LUACH CONARTHA IDIR €501- €5,000 (GAN CBL)

- Luachan iomaíoch amháin nó níos mó - más luachan ó bhéal atá i gceist, doiciméadaigh na sonraí
- Ba cheart don Sealbhóir Buiséid iad seo a fhaomhadh agus a choimeád sa scoil/san ionad chun críche seiceála agus iniúchta inmheánaigh.

2.2 LUACH CONARTHA IDIR €5,001- €15,000 (GAN CBL)

- Ba cheart trí luachan ar a laghad a fháil ó sholáthraithe/ó sholáthróirí cuícháilithe.
- Ba cheart sonraíochtaí achomair a ullmhú agus a eisiúint chuig na soláthraithe/soláthróirí.
- Ba cheart an spriocdháta agus sprioc-am chun luachaintí a chur ar fáil a shonrú.
- Tá meastóireacht maidir leis an tsonraíocht a bheith á comhlíonadh ag an bpraghas is ísle riachtanach murar sonraíodh MEAT san Iarratas ar Luachan (RFQ).
- Ba cheart meastóireacht RFQ a chomhlánú agus ba cheart don Sealbhóir Buiséid é a fhaomhadh sula n-eisítear fógra maidir le dámhadh conartha chuig soláthraithe agus sula n-eisítear Ordú Ceannaigh.
  [22]

2.3 LUACH CONARTHA IDIR €15,001- €25,000 (GAN CBL)

- Ba cheart cúig luachan ar a laghad a fháil ó sholáthraithe/ó sholáthróirí cuícháilithe.
- Ba cheart sonraíochtaí le haghaidh earraí/soláthairtí/oibreacha a ullmhú agus a eisiúint do na soláthraithe/soláthróirí.
- Ba cheart an dáta agus an t-am chun Iarratas ar Thairiscint (RFT) a sholáthar a shonrú.
- Tá meastóireacht maidir leis an tsonraíocht a bheith á comhlíonadh ag an bpraghas is Ísle riachtanach murar sonraíodh MEAT san Iarratas ar Thairiscint.
- Ba cheart don Sealbhóir Buiséid Foirm Mheastóireachta RFQ a chomhlánú i gcomhairle le Soláthar sula n-eisítear fógra maidir le dámhadh conartha chuig soláthraithe agus sula n-eisítear Ordú Ceannaigh. [23]

.

2.4 LUACH CONARTHA IDIR €25,000- €215,000 (GAN CBL)

- Ní mór gach Iarratas ar Thairiscintí a bhfuil luach sa bhreis ar €25,000 luaite leo a fógairt ar shuíomh gréasáin soláthair an rialtais www.etenders.gov.ie Reáchtálfar gach comórtas dá leithéid i gcomhairle leis an mBainisteoir atá freagrach as Soláthar.

2.5 LUACH CONARTHA OS CIONN €215,000 (GAN CBL)

- Baineann treoir an AE le Conarthaí le haghaidh Soláthairtí agus Seirbhísí ar fiú níos mó ná €215,000 iad. Ní mór gach comórtas dá leithéid a fhógairt ar shuíomh gréasáin ETenders agus ar shuíomh gréasáin Iris OJEU. Beidh gach comórtas dá leithéid á reáchtáil ag an mBainisteoir atá freagrach as Soláthar.

[22] Tá meastóireacht shamplach RFQ le fáil in Aguisín 1A
[23] Tá meastóireacht shamplach RFQ le fáil in Aguisín 1A

3 OIBREACHA (SEIRBHÍSÍ FOIRGNÍOCHTA AGUS SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA)

Glactar le hOibreacha Tógála mar oibreacha ina bhfuil ábhar nó gné struchtúrtha den réadmhaoin le deisiú, le hathsholáthar, le huasghrádú nó le hathrú. [24] . Ní dhéanfar Oibreacha Tógála i Scoileanna/Ionaid gan dul i gcomhairle le Roinn Caipitil/ Foirgníochta an BOO ábhartha, de bhrí nach mór d'oibreacha tógála gach ceanglas reachtúil a chomhlíonadh lena n-áirítear:

a) An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, agus na Rialacháin Phleanála agus Forbartha,

a) An tAcht um Rialú Foirgníochta, 2007, agus na Rialacháin um Rialú Foirgníochta (Leasú), 2013

b) An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil), 2013 e.g. d'fhéadfaí Maoirseoir Tionscadail le haghaidh Phróiseas an Deartha (PSDP) agus Maoirseoir Tionscadail le haghaidh Chéim na Foirgníochta (PSCS) a cheapadh.

c) Rialacháin Foirgníochta (A - L) lena n-áirítear Deimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán (B) agus Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas (M)

d) Cód Cleachtais do Bhainistíocht Sábháilteachta Dóiteáin in ionaid Tionóil 2009

e) Doiciméid um Threoir Theicniúil (TGDanna) na Roinne Oideachais agus Scileanna agus Caighdeáin na hÉireann

f) *Building Bulleting 100* (BB 100)

Is struchtúr é an Creat Bainistíochta Oibreacha Caipitiúla (CWMF) a forbraíodh chun cuspóirí an Rialtais maidir le hathchóiriú soláthair foirgníochta na hearnála poiblí a chomhlíonadh. Áirítear ann tacar treoirlínte dea-chleachtais, conarthaí caighdeánacha agus doiciméid teimpléid arb ionann iad agus na ceithre cholún a thacaíonn leis an gCreat.

Is í an Roinn Oideachais agus Scileanna an príomhchomhlacht maoinithe le haghaidh oibreacha tógála, i scoileanna BOO, áfach, tá na doiciméid CWMF curtha in oiriúint ag DE do thionscadail foirgníochta scoile (Oibreacha). Ba cheart cloí leis an dá threoirdhoiciméad seo a leanas a bhaineann le Soláthar Conraitheoirí chun tabhairt faoi mhionoibreacha atá á maoiniú ag DE i scoileanna:

1. TGD007 Nósanna Imeachta d'Fhoirne Deartha le haghaidh Mionoibreacha
2. Nósanna Imeachta d'Fhoirne Deartha – 2012 4ú heagrán - Soláthar Conraitheoirí

Ba cheart a thabhairt faoi deara, go bhfuil tacar suntasach treoirdhoiciméad le fáil ag an nasc DTP 2012 thuas, a threoraíonn an Fhoireann Deartha agus BOO trí gach céim den Tionscadal. Tá nuashonrú leanúnach á dhéanamh ag Soláthar agus Athchóiriú Foirgníochta (CWMF) agus ag DE ar a gcuid imlitreacha agus treoirdhoiciméad, dá réir sin, ní mór duit tagairt do na imlitreacha soláthair tógála agus do Threoir Theicniúil na Roinne Oideachais sula n-eisíonn tú doiciméid.

Tá ceithre Chineál Tionscadail bunaithe faoi nósanna imeachta CWMF agus DE

- **Cineál 1** – suas go dtí €1m – Conradh Mionoibreacha – PWCF 06
- **Cineál 2(A)** – Idir €1m - €2.5m – Conradh Mionoibreacha – PWCF 05, úsáid nós imeachta oscailte chun Foireann Deartha a cheapadh.
- **Cineál 2(B)** – Idir €2.5m - €7.5m – Conradh Mionoibreacha – PWCF 05, féach ar Chreat réamhcháilithe DE Comhairleoirí na Foirne Deartha chun Foireann Deartha a cheapadh
- **Cineál 3** – Ó €7.5m ar aghaidh, Mórthionscadal Caipitil PWCF 03

[24] Is éard atá i gceist le conarthaí oibreacha poiblí conarthaí a bhfuil sé mar aidhm leo nó atá mar bhonn le hoibreacha a dhéanamh nó dearadh a fhorbairt agus oibreacha a dhéanamh a chiallaíonn go bhfuil gné ábhartha nó struchtúrtha den réadmhaoin le hathrú. Sainmhínítear oibreacha trí thagairt a dhéanamh do Sceideal 1 de na Rialacháin Soláthair agus don Ghluais Choiteann Soláthair (CPV) Rannán 45

Tá tuilleadh sonraí le fáil in Aguisín 9.

Ba cheart na hoibreacha caipitil eile ar fad nach nglactar leo mar thionscadail bhunscoile nó iar-bhunscoile DE *i.e* An Roinn Gnóthaí Óige, SOLAS a phlé leis an Roinn Bainistíochta Caipitil/Oifigeach na bhFoirgneamh i do BOO.

Amscálaí Oibreacha:

An Cineál Oibreacha	Admháil Tairiscintí
Comhairleoirí Mionoibreacha <€50k	10 lá oibre
Comhairleoirí Mionoibreacha €50k - €215k	15 lá oibre (íosmhéid)
Comhairleoirí >€215k	De réir Threoir an AE
Conraitheoirí Oibreacha <€50k	Níl aon íosmhéid forordaithe
Conraitheoirí Oibreacha €50k - €1M (mionoibreacha)	15 lá oibre (íosmhéid)
€1M - €5,382,000	20 lá oibre (íosmhéid)
> €5,382,000	De réir threoir an AE

4 AR ÉILL NÓ FOINSE AONAIR

Is é Beartas BOO gan páirt a ghlacadh i gcaidreamh soláthróra Ar Éill nó Foinse Aonair de bhrí go gciallódh a leithéid go bhfuil rialacháin an AE agus na hÉireann á sárú ag an BOO. Tá eolas maidir le himthosca eisceachtúla agus treoir bhreise le fáil in Aguisín 10.

5 SONRAÍOCHTAÍ

Sula ndéantar iarratas ar RFQ/RFT, is den tábhacht é go dtiomsaítear, go gcomhaontaítear agus go mbunaítear liosta soiléir agus cuimsitheach ceanglas. Moltar nár cheart an ceanglas iarbhír a shonrú ar bhealach iomarcach nó a thearcshonrú. Tá faireachas riachtanach d'fhonn a chinntiú nach bhfuil an fhoclaíocht a úsáidtear rótheorantach sa chiall is go bhféadfaí a thabhairt le fios gur dréachtaíodh an fhoclaíocht ar bhealach a chuirfeadh srian leis an líon soláthraithe poitéinsiúla.
Ag brath ar an gceanglas, b'fhéidir gur ráiteas gearr achomair a bheadh sa tsonraíocht ach i gcás ceanglas níos casta nó costasach, ba cheart go mbeadh an tsonraíocht mionsonraithe. B'fhéidir go gcabhródh réamhchomhairliúchán le soláthraithe féideartha freisin chun sonraíocht a fhorbairt agus a cheadú fad is go bhfuil sí sách ginearálta, nach gcruthaíonn DE buntáistí le haghaidh soláthraithe áirithe agus go bhfuil an tsonraíocht doiciméadaithe agus á coimeád ar leithligh ón gcéim tairisceana agus dáfa.[25] Ní cheadaítear trádainmneacha ná ainmneacha branda a úsáid gan 'coibhéis' a cheadú. Ba cheart tuairiscí cineálacha a úsáid seachas sin, agus más cuí, ba cheart tagairt a dhéanamh don Chaighdeán Eorpach/do na Caighdeáin Eorpacha. Tá tuilleadh eolais maidir le Sonraíochtaí le fáil in Aguisín 2. Tá treoirlínte foilsithe ag an Roinn Airgeadais maidir le húsáid sonraíochtaí teicniúla cineálacha, agus tá tagairt déanta don Earnáil TFC (Teicneolaíocht Faisnéise & Cumarsáide). Tá tuilleadh eolais le fáil ag an nasc seo.

[25] Tá tuilleadh treoirlínte maidir le rannpháirtíocht margaidh le fáil ar leathanach 30 de Treoirlínte Soláthair Phoiblí le haghaidh Earraí agus Seirbhísí DPER

6 CREATAÍ & CONARTHAÍ NÁISIÚNTA/ EARNÁLACHA

Is é beartas an Rialtais úsáid a bhaint as conarthaí lárnacha agus tá béim leagtha ar an bpointe seo sa Chód Cleachtais do Rialachas Boird Oideachais agus Oiliúna Imlitir 0002/2019 [26] Sa chás gur ann do Chonradh nó Creat Náisiúnta nó Earnálach le haghaidh soláthair earraí agus seirbhísí nó oibreacha, bhí an conradh sin faoi réir an leibhéil riachtanaigh iomaíochais cheana féin agus ba cheart é a úsáid má oireann sé do cheanglais BOO. Maidir le Creat Páirtí Aonair, ní gá luachaintí iomaíocha breise a fháil agus is féidir orduithe a dhéanamh go díreach leis an soláthraí. Maidir le Creataí Soláthraí Ilpháirtí, beidh sé riachtanach 'mionchomórtas' a reáchtáil. Tá treoir le fáil ar shuíomh gréasáin OGP agus / nó ón mBainisteoir atá freagrach as Soláthar. Sa chás nach n-úsáidtear creat nó conradh lárnach soláthair, ba cheart fírinniú maidir le luach ar airgead, a bheidh faofa roimh ré ag Stiúrthóir OSD, a choimeád ar comhad chun críocha iniúchta.

7 CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN/RÉAMHCHÁILITHE

Tástálann Critéir Roghnúcháin acmhainn airgeadais, gheilleagrach agus theicniúil tairgeoirí. Is bealach iad na critéir roghnúcháin lena chinntiú go bhfuil measúnú maith á dhéanamh ar ghnólachtaí. Ní mór na critéir Roghnúcháin a shonrú de réir an chineáil/rioscaí an chonartha atá á dhámhadh. Ní mór go n-áireofaí rialacha/íosleibhéil sna critéir freisin.

Ba cheart an Doiciméad Aonair Eorpach maidir le Soláthar a úsáid mar chur chuige féindearbhaithe chun Airteagal 57 den Treoir a chomhlíonadh. Ní mór fianaise ar chomhlíontacht a lorg sula ndámhtar conradh le haghaidh gach soláthar os cionn thairseach an AE.

8 CRITÉIR DHÁMHACHTANA

Is é beartas BOO, agus dea-chleachtas, gur cheart Dámhachtain a dhéanamh ar bhonn na Tairisceana is Buntáistí go hEacnamaíoch (MEAT) mura bhfuil fírinniú ann chuig an praghas is ísle a roghnú nó mura sonraíonn an comhlacht maoinithe na critéir nach mór a úsáid. D'fhéadfaí critéir eile seachas praghas a mheas agus d'fhéadfaí na critéir seo a áireamh ina measc:

Am seachadta	Saintréithe aeistéitiúla agus feidhmiúla
Caighdeán an tsoláthair / na seirbhíse	Fiúntas teicniúil
Oiriúnach don fheidhm / comhlíontacht le ceanglais sonraíochta	Seirbhís / tacaíocht iardhíola agus cúnamh teicniúil
Costais Chothabhála / Tacaíochta	Treoir timpeallachta/shóisialta
Conair uasghrádaithe / comhoiriúnacht leis an gcóras reatha	

Nuair a bhíonn conradh á dhámhadh ar bhonn na Tairisceana is Buntáistí go hEacnamaíoch, ní mór go sonrófaí sa chuireadh luachana/tairisceana na critéir ar fad atá á gcur i bhfeidhm i rith an phróisis dámhachtana, agus ualú ábhartha a lua le gach critéar. Ní mór trí chritéar ábhartha, ar a laghad, a roghnú.

Ní mór go gcuirfear beirt daoine ar a laghad an próiseas meastóireachta i gcrích agus ní mór don sealbhóir buiséid údaraithe an próiseas a chur i gcrích. Ní mór go mbeadh sé soiléir go bhfuil an próiseas meastóireachta oibiachtúil agus trédhearcach agus bunaithe ar na critéir shonraithe a cuireadh in iúl do na soláthraithe sna doiciméid cuireadh chun tairisceana. Ba cheart bileog mheastóireachta/scórála a ullmhú chun tacú leis an bpróiseas meastóireachta. Tá samplaí le fáil i dTacar teimpléad tairisceana BOO (Aguisín 5). Ba cheart na marcanna a bhronntar don phraghas a ríomh mar seo a leanas:

[26] Féach Leathanach 48

Marcanna iomlána ceadaithe X Praghas Tairisceana is ísle **X 100 X % de na Critéir**

Praghas Tairgthe ag an gCuideachta atá á Meas

Ní mór fógra i scríbhinn a chur ar fáil do gach soláthraí, má éiríonn leo/mura n-éiríonn leo, maidir le toradh an chomórtais agus ba cheart an marc a bronnadh le haghaidh gach critéir a chur ar fáil má úsáideadh MEAT. [27] *Litreacha Fógartha Dámhachtana* a thugtar orthu seo agus áirítear ina measc *Litir Intinne* agus *Litir Aiféala* (féach Aguisín 5 agus 6).

9 GLACADH LE AGUS OSCAILT RFQS/RFTS

Cheangail na rialacháin Soláthair atá éifeachtach ó Aibreán 2016 gur cheart glacadh le modhanna leictreonacha faisnéise agus cumarsáide mar an gnáthmhodh malartaithe eolais faoi mhí Dheireadh Fómhair 2018 [28] lena n-áirítear tarchur fógraí, infhaighteacht leictreonach doiciméad agus cumarsáid leictreonach i rith gach céime.

- Ba cheart gach RFQ/RFT a bhfuil luach sa bhreis ar €15,000 luaite leo a oscailt a luaithe agus is féidir i ndiaidh an spriocdháta. Ba cheart do bheirt daoine iad a oscailt, lena n-áirítear ball amháin den Fhoireann Bhainistíochta agus ball foirne. Ba cheart Tuairisc Fhoirmiúil Oscailte Tairisceana a chomhlánú[29]. Ba cheart do gach ball den Fhoireann Oscailte Tairisceana Foirm Coinbhleachta Leasa agus Rúndachta a chomhlánú.[30]
- Ní mór do gach BOO glacadh le RFTanna atá le seoladh ar leictreonach trí shaoráid bosca tairisceana e-tenders agus
  cloí le prótacail a bhaineann le hadmháil leictreonach a sholáthar.. Ní mór glacadh le RFQnna trí sheoladh ríomhphoist riaracháin speisialta, a bhfuil rochtain ag níos mó ná duine amháin air.
- Cinntigh go soláthraítear tuarascáil neamhspleách, soiléir agus foirmiúil, maidir leis na tairiscintí a fuarthas.

10 MEASTÓIREACHT

Is éard atá sa phróiseas meastóireachta tacar céimeanna foirmiúla sainithe atá le leanúint ag foireann mheastóireachta – chun measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar na freagraí a fuarthas don Iarratas ar Thairiscint. Tá dhá aidhm le próiseas meastóireachta:

- An togra is oiriúnaí a roghnú chun ceanglais shonraithe an BOO a chomhlíonadh
- Rian iniúchta a sholáthar agus tacar de dhoiciméid thacaíochta a sholáthar a thacóidh leis an bpróiseas meastóireachta agus cinneadh críochnaitheach

Seo a leanas cuspóir na hoibre seo:

- Deireadh a chur, oiread agus is féidir, le suibiachtúlacht ón bpróiseas meastóireachta
- Trédhearcacht a sholáthar sa phróiseas meastóireachta
- A chinntiú go ndéantar gach togra a mheas ar an mbealach céanna

[27] Baineann sé seo le hiarratais ar thairiscintí seachas iarratais ar luachaintí
[28] Tá na heisceachtaí teoranta liostaithe ar leathanach 68, rannóg 200 de na treoirlínte .
[29] Tá teimpléad le fáil sa tacar doiciméad BOO dá dtagraítear dóibh in Aguisín 5.
[30] Tá teimpléad le fáil sa tacar doiciméad BOO dá dtagraítear dóibh in Aguisín 5.

- Riosca a mhaolú, lena n-áirítear an riosca a bhaineann le hagóid dhlithiúil

Seo a leanas na céimeanna atá i gceist i bpróiseas meastóireachta:

- Nuair a bhíonn an doiciméad tairisceana á dhréachtú, roghnaigh na critéir dhámhachtana *i.e.* na fachtóirí a úsáidfidh tú chun oiriúnacht togra a chinneadh
- Bunaigh foireann mheastóireachta agus mínigh an ról atá acu laistigh den fhoireann dóibh. Ní mór do gach ball den fhoireann mheastóireachta foirm Dearbhaithe Rúndachta agus Coinbhleachta Leasa a chomhlánú (féach aguisín 5)
- Nuair a bheidh na tairiscintí á n-oscailt i ndiaidh an spriocdháta, seiceáil an bhfuil gach tairiscint comhlíontach – an bhfuil an tairiscint faighte roimh an spriocdháta chun glacadh le tograí agus an gcomhlíonann an tairiscint na critéir cháilitheacha pas/teipe i ngach comhthéacs. Nuair a bhíonn sé sin déanta, tiomsaigh liosta tairgeoirí nár éirigh leo an chéim cháilithe a chomhlíonadh. Ní mór a chur in iúl dóibh gur glacadh leis go raibh a dtogra neamhchomhlíontach agus na cúiseanna a shonrú.
- Ina dhiaidh sin, leanann an fhoireann ar aghaidh leis an bpróiseas meastóireachta agus bronntar scór ar na tograí atá fágtha bunaithe ar na critéir dhámhachtana réamhullmhaithe agus foilsithe.
- Nuair a chomhaontaítear agus nuair a chríochnaítear an chéim seo, eisítear na torthaí, i scríbhinn, chuig gach táirgeoir ag an am céanna. Ba cheart go mbeadh sonraí le fáil sa toradh maidir leis an scór a bronnadh i gcomparáid le gach critéar dámhachtana, agus sonraí a sholáthar maidir leis an scóráil agus na cúiseanna sonracha ar éirigh agus nár éirigh leo.
- Maidir le conarthaí a bhfuil luach iomlán de €215,000 nó níos mó luaite leo, ní mór laethanta na tréimhse neamhghníomhaíochta a chur i bhfeidhm, chun deis a thabhairt d'aon chuideachta nár éirigh léi, an toradh a achomharc. Nuair a bhíonn an tréimhse neamhghníomhaíochta caite gan agóid, is féidir conradh a shíniú leis an rogha tairgeora.
- Is dea-chleachtas é tréimhse neamhghníomhaíochta a áireamh i soláthairtí atá faoi bhun Thairseach an AE (€25K-€215K).
  Moltar 7 lá féilire in Tacar teimpléad BOO.

11 LÉASÚ

Ceanglaíonn an leasú ar fad faomhadh a fháil ón mBord agus ó DE roimh pháirt a ghlacadh in aon chomhaontú léasa. Ní cheadaítear léasú airgeadais. Úsáidtear léasú oibríochtúil go coitianta chun trealamh a fháil ar bhonn réasúnach gearrthéarmach. Ní mór dul i gcomhairle roimh ré leis an mBainisteoir atá freagrach as Soláthar/ leis an mBainisteoir Airgeadais. Tá eolas maidir le hÉadáil Réadmhaoine, Diúscairt Réadmhaoin Barrachais, Diúscairt Sócmhainní Stáit agus rochtain Tríú Páirtithe ar Shócmhainní agus Éadáil Talún, Foirgneamh nó Sócmhainní Ábhartha eile le fáil in Imlitir 0002/2019 Cód Cleachtais maidir le Rialachas Bord Oideachais agus Oiliúna (leathanach 49-50). Ba cheart duit féachaint ar Imlitir 0003/2019 Treoirlínte Dea-chleachtais agus ceanglais maidir le Conarthaí le haghaidh Soláthar Earraí agus/nó Seirbhísí freisin.

12 BAINISTÍOCHT CONARTHAÍ

Is é beartas BOO próiseas bainistíochta conarthaí réamhghníomhach a bhunú. Cinnteoidh bainistíocht cheart conartha, go háirithe más ceannach ardluach nó meánluach atá i gceist, go soláthrófar do chuid earraí agus seirbhísí mar a iarrtar, in am – an t-am ar fad, agus cabhróidh sé leat faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht fhoriomlán soláthraí ar na bealaí seo a leanas:

- Cóipeanna a choimeád de gach doiciméad agus comhfhreagras gaolmhar, comhdaithe le chéile ar bhealach córasach.
- Caidreamh maith a bhunú leis an soláthraí[31]; córas cumarsáide a bhunú trí athbhreithnithe a dhéanamh ar ghnóthaí soláthraí (SBRanna).

[31] Mar shínitheoirí an Chóid Íocaíochta, geallann BOOnna soláthraithe a íoc de réir na dtéarmaí a comhaontaíodh ag tús an chonartha, nó laistigh de 30 lá, de réir na reachtaíochta. Féach ar bheartas Íocaíochtaí Prasa BOO.

- Tairbhe a bhaint as saineolas an tsoláthraí chun bearta breisluacha a áireamh sa chaidreamh, agus a bheith cúramach ag an am céanna gan scóip an mhéid atá sonraithe sa tairiscint a shárú; rud a bheadh mar bhonn le ráta níos airde a íoc le haghaidh seirbhísí nach raibh luaite sa tairiscint ag an tús.
- A chinntiú go sainaithnítear rioscaí agus go bhfuil nósanna imeachta géaraithe bunaithe ionas gur féidir fadhbanna a réiteach go tráthúil.
- Úsáid cártaí tuairisce soláthraí / taifead ar fheidhmíocht a choimeád ar féidir iad a athbhreithniú i dteannta leis an soláthraí nuair is gá.
- Plean teagmhais a fhorbairt ar féidir é a úsáid más gá an conradh a chealú nó má fhoirceanntar an conradh go luath.
  B'fhéidir gur fiú "clásal tánaisteach" a áireamh i do dhoiciméid soláthair .
- Athbhreithniú a dhéanamh ar théarmaí críochnaithe an chonartha roimh ré ionas gur féidir cinneadh a dhéanamh maidir le foinsiú na n-earraí nó na seirbhísí ábhartha amach anseo.

Chun an méid thuasluaite a chur i gcrích, moltar SLA a eisiúint le haghaidh gach conradh a bhfuil luach níos airde ná €25K luaite leis. Tá teimpléad SLA le fáil in Aguisín 5 Teimpléid do Thairiscintí faoin Tairseach

13 EITIC

Cuirfidh gach fostaí BOO a bhfuil baint aige/aici leis an bpróiseas Soláthair a c(h)uid oibre i gcrích ar bhealach eiticiúil agus tabharfar aird ar an méid seo a leanas go háirithe:

i. Coinbhleachtaí Leasa – is é beartas BOO a iarraidh go ndéanfaidh gach ball den fhoireann mheastóireachta, roimh aon phróiseas meastóireachta, doiciméadú ar bhreithniú agus ar dhearbhú maidir le haon coinbhleachtaí leasa féideartha. [32]
ii. Rúndacht - Ní mór do bhaill foirne a bhfuil baint acu leis an bpróiseas soláthair gealltanas a thabhairt maidir le rúndacht faisnéise a chinntiú[33]
iii. Fáilteachas
iv. Spreagthaí – Níor cheart d'Fhostaithe BOO glacadh le spreagthaí in aon fhoirm ó sholáthraithe earraí agus seirbhísí. Áirítear i spreagthaí tairiscintí speisialta a thugann le fios go gcuirfear earraí ar fáil saor in aisce ar bhonn pearsanta seachas ar bhonn úsáide gnó.

Ní mór do gach ball foirne BOO cloí leis an mBeartas 'Eitic i Soláthar Poiblí' (féach Aguisín 8.)

14 COIMEÁD TAIFEAD

- Is ceanglas dlíthiúil é comhaid a choimeád le haghaidh seacht mbliana[34]
- D'fhéadfadh cláir atá á maoiniú ag an AE a cheangal go gcoimeádfaí comhaid le haghaidh suas le 22 bliain
- Moltar gach comhad soláthair agus cóipeanna de thairiscintí rathúla a choimeád le haghaidh tréimhse seacht mbliana i ndiaidh conradh a dhámhachtain.
- Is féidir cóipeanna boga de dhoiciméid a choimeád sa chás go bhfuil beartas soiléir maidir le coimeád doiciméad ag an eagraíocht[35]
  Ní mór do gach fostaí a bhfuil baint aige/aici le Soláthar thar an BOO ceanglais na reachtaíochta ábhartha agus infheidhme ar fad a chomhlíonadh. Áirítear anseo, ach níl sé teoranta do, dualgais ghinearálta atá forchurtha ar an BOO mar údarás poiblí.
  Áirítear i measc na reachtaíochta sonraí a bhfuil tionchar aici ar nósanna imeachta Soláthair BOO (ach níl teoranta do):
  - An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980
  - Rialacháin na bhFostaithe a Chosaint ar Ghnóthais a Aistriú (TUPE), 2003
  - An tAcht um Chaomhnú an Chomhshaoil, 2003

[32] Tá teimpléad le fáil sa tacar doiciméad BOO dá dtagraítear dóibh in Aguisín 5. [33]
Tá teimpléad le fáil sa tacar doiciméad BOO dá dtagraítear dóibh in Aguisín 5. [34]
An tAcht um Reacht na dTréimhsí (Leasú), 2000 (arna leasú)
[35] Féach ar Bheartas Coinneála i leith Taifid BOO

- An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005
- Na Rialacháin maidir le hÍoc Deireanach in Idirbhearta Tráchtála
- Na Rialacháin maidir le Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL), 2014
- An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014
- Treoir 2014/24/AE maidir le Soláthar Poiblí
- An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988, arna leasú mas An tAcht um Chosaint Sonraí (Leasú), 2003 agus An tAcht um Chosaint Sonraí, 2018.

15 DOICIMÉID TAIRISCEANA

Le haghaidh earraí agus seirbhísí, is é beartas BOO úsáid a bhaint as **doiciméid theimpléad GP** le haghaidh soláthair atá os cionn thairseach an AE agus an **tacar de dhoiciméid tairisceana BOO**, ar chomhaontaigh an earnáil leo, le haghaidh soláthar faoi bhun thairseach an AE (náisiúnta). Féach Aguisín 5 & 6 [36]

16 CUR CHUN FEIDHME AGUS ATHBHREITHNIÚ

Déanfaidh an Fhoireann Bhainistíochta Shinsearach athbhreithniú ar an mbeartas seo trí huaire sa bhliain de réir dea-chleachtais, nó i bhfianaise aon athruithe ar reachtaíocht agus treoir ó fhoinsí cosúil le OGP, Iniúchadh Inmheánach, C&AG, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Is é _____an dáta cur chun feidhme, an dáta ar ghlac BOO____leis.

[36] Tá doiciméid tairisceana a bhaineann le hoibreacha Tógála le fáil ag https://www.education.ie/en/School-Design/

AGUISÍN 1 AN TIMTHRIALL SOLÁTHAIR



ANAILÍS AR NA LUACHAINTÍ FAIGHTE

Anailís ar Luachaintí le haghaidh soláthar earraí/seirbhísí :_____(Luachaintí

Scoile le haghaidh soláthair: _____

Tabhair faoi deara, cuirfear moill ar phróiseáil do chuntais íocaíochta mura bhfuil an fhoirm comhlánaithe go HIOMLÁN

Uimhir Freagartha	Ainm & Seoladh an tSoláthraí	Costas na nEarraí	CBL	IOMLÁN
1.				
2.				
3.				
4.				
5.				

Moladh:	Cúis:
Soláthraí:	

Molaim go ndéanfaí an ceannach ón soláthraí thuasluaite bunaithe ar an gcúis atá sonraithe. Comhlíonann an soláthraí an tsonraíocht scríofa atá forbartha ag an scoil/ionad seo.

Deimhním nach mbaineann aon choinbhleacht leas leis an luachan thuas agus go gcuirfidh mé an próiseas soláthair i gcrích de réir bheartas Soláthair BOO

Sínithe:_____ Dáta:_____

Príomhoide/ Bainisteoir an Ionaid

Sínithe:_____Dáta:_____

Bainisteoir Soláthair (le haghaidh caiteachais níos mó ná €15,000)

AGUISÍN 2 TEIMPLÉAD DON FHOIRM IARRATAIS AR THAIRISCINT (CONARTHAÍ OS CIONN €25K)

Ainm na Roinne/na Scoile/an Ionaid	
Ainm agus Sonraí Teagmhála an Phríomhoide/na Roinne nó an Ionaid Bainisteoir	
Cur síos ar an táirge/seirbhís atá le soláthar	
An bhfuil faomhadh buiséid shínithe i gceangal leis an iarratas seo? Tá/Níl	
Céard é luach measta an chonartha gan CBL?	
An bhfuil conradh bunaithe cheana féin? Tá/Níl	
An bhfuil fógra maidir leis an bpróiseas tairisceana atá le reáchtáil gan mhoill faighte ag an Sealbhóir? Tá/Níl	
Cén amlíne mheasta atá luaite leis an gceanglas seo?	
An dócha go mbeidh TUPE le cur san áireamh sa chonradh nua? Is dócha/Ní dócha	
Cé a bheidh freagrach as an bpróiseas soláthair?	
An bhfuil sonraíocht mhionsonraithe maidir le do cheanglais curtha ar fáil agat?[37]	
Síniú Shealbhóir an Bhuiséid	**Síniú Faofa an Stiúrthóra/an Phríomhfheidhmeannaigh**
Dáta: _____	

37 Sonraíocht a ullmhú do Cheanglais do Scoile/d'Ionaid: Ní mór sonraíocht mhionsonraithe iomlán a chur ar fáil leis an iarratas seo ar fhoirm tairisceana. D'fhéadfadh na gnéithe seo a leanas cabhrú leat na ceanglais sin a shainaithint:

1. Eolas cúlra maidir leis an scoil/ionad
2. Dáta tosaithe an chonartha
3. Tréimhse an chonartha
4. Luach táscach an chonartha
5. Do chaiteachas bliantúil
6. Sonraí maidir leis na hearraí/seirbhísí atá le soláthar lena n-áirítear:
    - Cainníocht
    - Straitéis phraghsála (e.g. táille sheasta; uair-rátaí/rátaí laethúla/ rátaí seachtainiúla; praghas don aonad/ don duine) agus cibé acu ar cheart nó nár cheart costais eile (saothar, seachadadh, diúscairt, táille áirithíochta etc.) a áireamh sa mhiondealú ar an gcostas iomlán.
    - An bhfuil liosta soláthraithe agat?/ An bhfuil an táirge/an tseirbhís seo á soláthar ag mórán soláthraithe?

- Roghanna malartacha
- Eolas teicniúil más cuí
- Raon feidhme na tairisceana
- Ceanglais uathúla do scoile nó ionaid
- Caighdeáin
- Reachtaíocht
- Breithniúcháin Timpeallachta
- Grinnfhiosrú an Gharda Síochána
- Nuálaíocht
- Cuairteanna Suímh
- Saincheisteanna Cosanta Leanaí
- Saincheisteanna Rochtana Suímh

AGUISÍN 3 SEICLIOSTA SOLÁTHAIR AGUS COMHAD CONARTHA

- Tuarascáil Rialachán 84 (más infheidhme)
- Cás gnó nó anailís costais is tairbhe (más gá).
- Na doiciméid ar fad a eisítear chuig an margadh lena n-áirítear PIN, Fógra Conartha agus RFT
- Gach soiléiriú a sheoltar chuig tairgeoirí/iarrthóirí
- An tuarascáil maidir le hoscailt tairiscintí
- An tuarascáil mheastóireachta
- Glacadh na foirne bainistíochta sinsearaí le tuarascáil na foirne meastóireachta
- An tairiscint bhuacach (nó luachan)
- An Fógra Dámhachtana Conartha
- Soiléirithe Iarthairisceana
- An litir dhámhachtana agus na litreacha tréimhse neamhghníomhaíochta/aiféala chuig na tairgeoirí nár éirigh leo
- An conradh sínithe
- Maidir le Creat-chomhaontuithe agus an comhfhreagras ar fad, lena n-áirítear orduithe a bhaineann le conarthaí/íostarraingtí aonair – ba cheart comhad amháin a oscailt don Chreat-Chomhaontú agus comhaid tionscadail aonair a bhunú le haghaidh gach conradh cealaithe bunaithe faoin gCreat
- An chéad ordú a thugtar do shealbhóir an chonartha le haghaidh pacáistí/seirbhísí oibre
- Gach iarratas ar íocaíocht a dhéanann sealbhóir an chonartha
- Gach iarratas ar chostais, doiciméid thacaíochta agus éilimh dhearbhaithe ar chostais ó shealbhóir an chonartha
- Gach nóta glactha le haghaidh táirgí insoláthartha agus seirbhísí
- Gach comhfhreagras le sealbhóir an chonartha

Bainistíocht Conarthaí

- Athbhreithniú nó athbhreithnithe/tuarascálacha iarchur chun feidhme tríú páirtithe

AGUISÍN 4 TUARASCÁIL INIÚCHTA THREOIR PHOIBLÍ AN AE (AIRTEAGAL 84)

Ba cheart go mbeadh na sonraí seo a leanas le fáil sa tuarascáil iniúchta: Ainm an cheannaitheora

- Ábhar agus luach an chonartha
- Torthaí an phróisis réamhcháilithe *i.e* ainmneacha na n-iarrthóirí rathúla agus na cúiseanna a bhí leis an roghnú/neamhroghnú
- Na cúiseanna nár glacadh leis na tairiscintí a bhí níos ísle ná mar a bheifí ag súil
- Ainm an rogha tairgeora agus na cúiseanna a bhí leis an tairgeoir a roghnú
- Ainm/Ainmneacha na bhfochonraitheoirí agus an sciar den chonradh atá le dámh ar bhonn fochonartha
- Fírinniú, más cuí, le haghaidh úsáid plé iomaíoch/nós imeachta iomaíoch le hidirbheartaíocht
- Na cúiseanna nár dámhadh conradh nó creat
- Míniú don chúis nár úsáideadh aighneacht leictreonach
- Bearta a úsáideadh chun déileáil le coinbhleachtaí leasa féideartha na meastóirí
- Na cúiseanna nár úsáideadh lotaí

Ina theannta sin, ní mór do cheannaitheoirí taifid maidir le machnamh inmheánach a choimeád, taifid de phlé nó cruinnithe eile agus mionsonraí maidir le hullmhú doiciméad soláthair, lena n-áirítear critéir roghnúcháin agus dhámhachtana a shonrú.

Le himeacht ama, glacfar leis na hiniúchtaí soláthair seo mar fhoinse thábhachtach eolais do sholáthraithe nach n-éiríonn leo. D'fhéadfaí teacht ar na doiciméid seo faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Tá na doiciméid seo a leanas ar fáil ó Cheannoifig BOO agus ETBI[38].

1. **Teimpléad an Phlean Soláthair Chorparáidigh lena n-áirítear MAPP**
2. **Teimpléid RFQ (faoi 25k)**
3. **Tacar Teimpléad BOO atá le húsáid do sholáthar earraí agus seirbhísí faoi Thairseach an AE.** Cuimsítear sa tacar doiciméad seo na doiciméid seo a leanas:

<u>Conarthaí</u>

Doiciméid Tairisceana Conartha

- ETBTDRC-1 Cuireadh Conartha chuig Nós Imeachta Oscailte Tairisceana 2020
- ETBTDRC-2 Téarmaí agus Coinníollacha Conartha - Earraí 2020
- ETBTDRC-3 Téarmaí agus Coinníollacha Conartha - Seirbhísí 2020
- ETBTDRC-4 Conradh Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse 2020
- ETBTDRC-5 Conradh Dhoiciméad Freagartha Tairisceana 2020
- ETBVALC-1 Bileog Mheastóireachta Tairisceana Conradh Oscailte 2020

Litreacha Conartha

- ETBLTRC-1 Iarratas ar Shonraí Féindearbhaithe - Tairiscint Oscailte 2020
- ETBLTRC-2 Cuireadh chuig Cruinniú Soiléirithe 2020
- ETBLTRC-3 Litir Dámhachtana Conartha 2020
- ETBLTRC-4 Litir Aiféala Conartha Tairiscintí Inghlactha 2020
- ETBLTRC-5 Litir Aiféala Conartha Tairgeoir Neamh-inghlactha – 2020

<u>Creat-chomhaontuithe</u>

Doiciméid Tairisceana Creat-chomhaontaithe

- ETBTDRF-1 Cuireadh Aonair FW chuig Nós Imeachta Oscailte Tairisceana 2020
- ETBTDRF-2 Cuireadh do Ghrúpaí Éagsúla chuig Nós Imeachta Oscailte Tairisceana 2020
- ETBTDRF-3 Téarmaí Chreat-chomhaontaithe Oibritheoir Aonair 2020
- ETBTDRF-4 Téarmaí Chreat-chomhaontaithe Iloibreora 2020
- ETBTDRF-5 Téarmaí agus Coinníollacha Conartha - Earraí 2020
- ETBTDRF-6 Téarmaí agus Coinníollacha Conartha - Seirbhís 2020
- ETBTDRF-7 Comhaontú Leibhéal Seirbhíse 2020
- ETBTDRF-8 Doiciméad Freagartha Tairisceana FWA OSCAILTE 2020
- ETBTDRF-9 Dearbhú Rúndachta agus Coinbhleacht Leasa 2020
- ETBVALF-1 Bileog Mheastóireachta Tairisceana Nós Imeachta Oscailte 2020

[38] Ar fáil ar Sharepoint Ghréasán Soláthair ETBI agus sa rannóg logála isteach de shuíomh gréasáin ETBI

Litreacha Creat-chomhaontaithe

- ETBLTR-9 FWA Ilpháirtí - Litir Aiféala 2020
- ETBLTR-10 FWA Ilpháirtí faoi Mhiontairiscint - Litir Aiféala 2020
- ETBLTRF-1 Iarratas ar Shonraí Féindearbhaithe - Tairiscint Oscailte 2020
- ETBLTRF-2 Cuireadh chuig Cruinniú Soiléirithe 2020
- ETBLTRF-3 Litir Dámhachtana Conartha - Creat Páirtí Aonair 2020
- ETBLTRF-4 Iontráil Ilpháirtí FWA - Cascáidigh an Páirtí Rangaithe sa Chéad Áit 2020
- ETBLTRF-5 Iontráil Ilpháirtí FWA - NÍ an Páirtí Rangaithe sa Chéad Áit 2020
- ETBLTRF-6 Conarthaí Iontrála Ilpháirtí FWA trí Mhiontairiscint 2020
- ETBLTRF-7 Litir Aiféala do Thairgeoirí Inghlactha 2020
- ETBLTRF-8 Litir Aiféala do Thairgeoir Neamh-inghlactha - Oscailte 2020

AGUISÍN 6 DOICIMÉID TAIRISCEANA OS CIONN THAIRSEACHA AN AE

Tá na teimpléid seo a leanas le fáil ó shuíomh gréasáin OGP:

- RFT – Earraí Cliceáil anseo chun teacht ar an nasc
- RFT – Seirbhísí Cliceáil anseo chun teacht ar an nasc
- Conradh Earraí Cliceáil anseo chun teacht ar an nasc
- Conradh Seirbhísí Cliceáil anseo chun teacht ar an nasc

AGUISÍN 7 TREOIRLÍNTE SOLÁTHAIR PHOIBLÍ LE HAGHAIDH EARRAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ

Tá an Treoir seo a leanas le fáil ó shuíomh gréasáin OGP tá an nasc anseo



AGUISÍN 8 EITIC I SOLÁTHAR POIBLÍ [39]

1. RÉAMHRÁ

Is é an aidhm atá leis seo eolas a chur ar fáil d'fhostaithe in BOO ionas go mbeidh siad in ann ceannach/soláthar a dhéanamh ar bhealach a shásaíonn ceanglais ionracais agus chuntasachta.

2. TREOIRPHRIONSABAIL

Tá sé fíorthábhachtach go mbeadh an fheidhm soláthair phoiblí á comhlíonadh ag gach fostaí a bhfuil baint aige/aici leis ar bhealach ionraic, trédhearcach agus cuntasach, a chinntiú go bhfuil an luach is fearr á fháil ar airgead poiblí.

Ceanglaíonn ***Ionracas*** go mbeidh an próiseas ceannacháin á cur i gcrích

- go heiticiúil;
- go hionraic; agus
- go cothrom chomh fada is a bhaineann le gach rannpháirtí

Ceanglaíonn ***trédhearcacht agus cuntasach*** go bhfuil an bonn le haghaidh cinntí soiléir agus oibiachtúil agus go bhfuil an ceannaitheoir freagrach as reáchtáil an phróisis soláthair. Ní mór d'fhostaithe a bhfuil baint acu leis an bhfeidhm soláthair a chinntiú go bhfuil úsáid chostéifeachtach agus éifeachtúil á baint as acmhainní agus go bhfuil aird á tabhairt ar na caighdeáin ionracais is airde agus is féidir. Tá cleachtais soláthair faoi réir iniúchta agus grinnscrúdaithe faoi Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, agus tá Oifigigh Chuntasaíochta cuntasach go poiblí as caiteachas tabhaithe.

3. IONRACAS

I gcomhthéacs soláthair, ba cheart gurb é an aidhm a bheadh ann go mbeadh muinín agus meas ag daoine a bhíonn ag déileáil le BOO ar an eagraíocht agus go gcuireann na fostaithe a gcuid oibre i gcrích go héifeachtúil agus ar bhealach cothrom agus réasúnach. Tá cuid de na himpleachtaí praiticiúla a bhaineann le hionracas a chinntiú i gcomhthéacs an tsoláthair sonraithe sna fo-rannóga.

Dlíthiúlacht

Tá oibleagáid ar fhostaithe a bhfuil baint acu leis an bhfeidhm soláthair a gcuid cumhachtaí a fheidhmiú go dleathach. Tá dualgas ar chonraitheoirí, soláthraithe agus soláthróirí seirbhíse BOO ceanglais dhlíthiúla náisiúnta agus AE a chomhlíonadh. Tá ceart rochtana ar an gceartas ag conraitheoirí, soláthraithe agus soláthróirí seirbhíse ar caitheadh go héagothrom leo nó ar sáraíodh a gcearta i rith an phróisis soláthair phoiblí faoi Threoracha leigheasanna an AE.

Tá Beartas Soláthair forbartha d'fhonn a chinntiú go bhfuil fostaithe airdeallach ar a n-oibleagáidí sa chomhthéacs seo agus má chloítear leis an mbeartas cinnteofar go mbeadh ceanglais dhlíthiúla á gcomhlíonadh. Má tá fostaithe in amhras faoi na ceanglais dhlíthiúla, beartais nó nóis imeachta, ní mór dóibh comhairle a lorg óna mbainisteoirí líne.

[39] Nuashonraithe le haghaidh BOOnna ó **Eitic i Soláthar Poiblí** (Aonad Náisiúnta an Bheartais Soláthair Phoiblí, Meitheamh 2005)

Nochtadh Leasa

Ba cheart aon fhoirm de leas pearsanta a d'fhéadfadh cur isteach ar, nó a bhféadfadh daoine eile glacadh leis a chuirfeadh isteach ar, neamhchlaontacht fostaí i ndáil le haon ní a bhaineann lena d(h)ualgais i ndáil le soláthar poiblí, a chur in iúl dá b(h)ainisteoir líne i scríbhinn. Cuimsítear i leas pearsanta leas duine muinteartha nó duine nasctha. Ina dhiaidh sin, ní mór don Bhainisteoir Líne cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu ar cheart nó nár cheart do bhall foirne eile déileáil leis an gceist nó ar cheart tuilleadh comhairle a lorg.

4. TRÉDHEARCACHT AGUS CUNTASACHT

Ní mór go mbeadh idirbhearta agus cinntí soláthair cothrom, cothromasach agus ní mó dóibh luach ar airgead a chinntiú. Ní mór go mbeadh an BOO in ann cinntí agus gníomhaíochtaí a rinneadh a fhírinniú.

Nuair a bheidh an fheidhm soláthair á heagrú, cinnteoidh BOO go mbeidh dualgais á roinnt go cuí laistigh den timthriall soláthair. Chomh fada agus is féidir, ba cheart go mbeadh earraí agus seirbhísí á n-ordú agus go mbeifí ag glacadh leo ar leithligh ó íocaíocht le haghaidh earraí agus seirbhísí.

Tá taifid bheachta i scríbhinn (lena n-áirítear taifid ar ríomhaire) riachtanach chun léiriú gur tugadh aird ar chaighdeáin eiticiúla chuí. Dá réir sin, ba cheart taifid chuí a choimeád i rith an phróisis cheannaigh. Is ionann na taifid seo agus conair iniúchta maidir leis na cúiseanna a bhí le cinneadh soláthair ar leith a dhéanamh. Tá an cineál agus mionsonraí na faisnéise a thaifeadtar sonraithe sa Bheartas Soláthair agus braitheann a leithéid ar chastacht nó íogaireacht na saincheiste ceannaigh ar leith.

5. RÚNDACHT AN EOLAIS

Ní mór d'fhostaithe a bhfuil baint acu leis an bhfeidhm soláthair a chinntiú go bhfuil faisnéis atá íogair ó thaobh cúrsaí tráchtála de slán sábháilte agus nach n-úsáid a leithéid d'fhaisnéise riamh ar mhaithe le buntáiste pearsanta nó chun dochar a dhéanamh do chomórtas cothrom. Níor cheart eolas maidir le conarthaí aonair a roinnt leis na meáin nó le haon fiosraitheoir eile (seachas an conraitheoir aonair ábhartha), gan cead a fháil ón mbainisteoir líne.

Tá dianchosc ar nochtadh faisnéise soláthraí agus tairgeora a bhaineann leis an bpróiseas tairisceana roimh chonradh a dhámhachtain, agus go háirithe d'aon pháirtí leasmhar eile. I ndiaidh dhámhachtain an chonartha, d'fhéadfaí eolas a sholáthar de réir na treorach mionsonraithe maidir le *"Fógra a thabhairt do Thairgeoirí agus Nochtadh Faisnéise"* atá le fáil sa leabhrán dar teideal *"Treoirlínte Soláthair Phoiblí - Próiseas Iomaíoch"* agus atá foilsithe sa rannóg ghinearálta treorach soláthair ar shuíomh gréasáin eTenders.ie. B'fhéidir go bhféadfaí roinnt eolais maidir leis an bpróiseas tairisceana a chur ar fáil faoi reachtaíocht SF sa chás go bhfuil a leithéid agartha.

Bronntanais agus Fáilteachas – féach ar Bheartas Bronntanas agus Fáilteachais BOO.

AGUISÍN 9 OIBREACHA (SEIRBHÍSÍ FOIRGNÍOCHTA AGUS SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA)

9.1 Tairiscint Oscailte nó Shrianta?

(a) Tionscadail Chineál 1 < €1,000,000 (gan CBL):

(i) Chomh fada is a bhaineann le Tionscadail Tógála a bhfuil luach níos lú ná €50,000 (gan CBL) luaite leo, is féidir an Nós Imeachta Srianta nó an Nós Imeachta Oscailte a úsáid.

(ii) Chomh fada is a bhaineann le Tionscadail Tógála a bhfuil luach níos mó ná €50,000 ach níos lú ná €1m (gan CBL) luaite leo ní mór an Nós Imeachta oscailte a úsáid.

(iii) Tá na nósanna imeachta fógraíochta agus tairisceana atá sonraithe thíos le cur i bhfeidhm.

(b) Tionscadail Chineál 2(A) > €1,000,000 (gan CBL):

(i) Chomh fada is a bhaineann le tionscadail a bhfuil luach Tógála níos lú ná €2,500,000 luaite leo (gan CBL) ba cheart an Nós Imeachta Oscailte a úsáid mura ndéantar comhaontú roimh ré leis an Roinn Oideachais agus Scileanna [DE] an Nós Imeachta Srianta a úsáid.

(c) Tionscadail Chineál 2(B) & 3 Thionscadal > €2,500,000 (gan CBL):

i. Chomh fada is a bhaineann le tionscadail a bhfuil luach Tógála cothrom le nó níos mó ná €2,500,000 (gan CBL) luaite leo, féadfaidh Údaráis Chonarthacha an Nós Imeachta Oscailte nó an Nós Imeachta Srianta a úsáid. Go ginearálta, ba cheart an Nós Imeachta Srianta a úsáid le haghaidh tionscadal níos mó agus níos casta. Le haghaidh tionscadal níos lú agus níos simplí sa chás nach ionann costas na Tairisceana agus ualach míchuí ar chonraitheoirí, is féidir an Nós Imeachta Oscailte a úsáid.

ii. Tá an nós imeachta atá sonraithe i Nósanna Imeachta na Foirne Deartha DTP 2012 Soláthar Conraitheoirí, Rannóg 3 (ar fáil ag www.education.ie) infheidhme maidir le tionscadail a bhfuil an Nós Imeachta Oscailte in úsáid acu.

iii. Tá an nós imeachta atá sonraithe i Nósanna Imeachta na Foirne Deartha DTP 2012 Soláthar Conraitheoirí, Rannóg 4 (ar fáil ag www.education.ie) infheidhme do thionscadail a bhfuil an Nós Imeachta Srianta in úsáid acu.

9.2 Fógairt Phoiblí

(a) Chomh fada is a bhaineann le tionscadail a bhfuil luach measta tógála níos lú ná €50,000, gan CBL, luaite leo, ní gá iad a fhógairt ar eTenders nó ar mheáin náisiúnta eile (mura bhfuil seans ann go bhfuil leas trasteorann ann).

(i) Má úsáidtear an nós imeachta Oscailte, ní mór d'Údarás na Scoile agus dá Chomhairleoir/Foireann Deartha fógra a chur sna nuachtáin áitiúla (lena n-áirítear páipéir thrasteorann más cuí) agus eolas a shonrú maidir le conas na doiciméid tairisceana a fháil agus an dáta deiridh a nglacfar le tairiscintí.

(b) Chomh fada is a bhaineann le tionscadail a bhfuil luach níos mó ná €50,000 luaite leo, ní mór fógra a chur ar eTenders.

(c) Chomh fada is a bhaineann le tionscadail a bhfuil luach níos mó ná €5,382,000 (gan CBL) luaite leo, ní mór Fógra Conartha a fhoilsiú in iris OJEU freisin. Is féidir é sin a dhéanamh trí shuíomh gréasáin eTenders.

9.3 Tairiscint a dhéanamh d'Oibreacha a bhfuil luach faoi bhun €50,000 (gan CBL) luaite leo

(a) Ní mór 5 luachan[40], ar a laghad (i scríbhinn nó trí r-phost) a lorg ó chonraitheoirí oiriúnacha. Sa chás nach bhfaightear cúig fhreagra, ba cheart na doiciméid a choimeád chun críche iniúchta mar fhianaise gur lorg tú cúig Luachan.

[40] Mar atá mínithe sa tábla ar Leathanach 7, baineann sé seo le hoibreacha a bhfuil luach níos lú ná €50,000 ach níos mó ná €15,000 luaite leo.

Le haghaidh tionscadal a bhfuil luach idir €5,000 - €15,000 luaite leo, ní mór trí luachan a lorg, le haghaidh tionscadal a bhfuil luach idir €500-€5000 luaite leo, ní mór luachan amháin a lorg agus le haghaidh tionscadal a bhfuil luach níos lú ná €500 luaite leo, is féidir Ordú Ceannaigh a eisiúint.

(i) Má tá an Nós Imeachta Srianta in úsáid, ceanglaítear ar Údaráis Scoile agus a gComhairleoirí/Foirne Deartha breithniú a dhéanamh ar aon Chonraitheoir a léirigh spéis i dtairiscint a dhéanamh don tionscadal (*e.g.* trí nóta i scríbhinn nó r-phost a sheoladh chuig an scoil nó comhairleoir), agus sa chás go gcomhlíonann an Conraitheoir sin an caighdeán íosta atá riachtanach le haghaidh tógáil na n-oibreacha, ní mór an conraitheoir sin a ainmniú ar liosta na ngnólachtaí a bhfuil tairiscint á déanamh acu don tionscadal. Níl aon uasteorainn sonraithe don líon conraitheoirí a gceadaítear dóibh tairiscint a sholáthar don tionscadal.

(ii) Sa chás go bhfuil an Nós imeachta Oscailte in úsáid ní mór d'Údarás na Scoile agus dá Chomhairleoir/Foireann Deartha fógra a chur sna nuachtáin áitiúla (lena n-áirítear páipéir thrasteorann más cuí) agus eolas a shonrú maidir le conas na doiciméid tairisceana a fháil agus an dáta deiridh a nglacfar le tairiscintí. Ina theannta sin, ní mór d'Údarás na Scoile agus dá Chomhairleoir/Foireann Deartha teagmháil a dhéanamh go díreach le haon Chonraitheoir a léirigh spéis i dtairiscint a sholáthar don tionscadal (*e.g.* trí nóta i scríbhinn nó r-phost a sheoladh chuig an scoil nó comhairleoir) agus eolas a roinnt leis/léi go tráthúil maidir leis an deis tairisceana.

Má úsáidtear an Nós Imeachta Oscailte agus má dhéantar fógra, ní ráthaíonn DE leibhéal inghlactha spéise ó chonraitheoirí. Tá sé incheadaithe agus ciallmhar teagmháil a dhéanamh le conraitheoirí oiriúnacha sa cheantar ginearálta geografach chun a n-aird a tharraingt ar an deis tairisceana agus cuireadh a thabhairt dóibh freagairt don fhógra.

(b) Má chuireann níos lú ná cúig ghnólacht tairiscintí ar fáil, (faoin Nós Imeachta Oscailte nó Srianta), níor cheart don Údarás Conarthach leanúint le dámhachtain ach amháin má bhreithníonn sé go raibh an comórtas dáiríre agus gurb ionann an tairiscint atá á breithniú agus luach ar airgead.

(c) Más rud é go bhféadfadh dlínse eile spéis a léiriú sa tairiscint (*e.g.*. Tuaisceart Éireann) ní mór aird a thabhairt ar phrionsabal na trédhearcachta agus an neamh-idirdhealaithe mar atá sonraithe faoi Chonradh na Róimhe.

9.4 Tairiscint a dhéanamh d'Oibreacha > €50,000 agus < €1,000,000 (gan CBL)

Íoschaighdeáin le haghaidh Rannpháirtíochta

(a) Faoin Nós Imeachta Oscailte, ceadaítear do gach páirtí leasmhar tairiscintí a dhéanamh. Ní chiallaíonn an DE seo, áfach, go bhfuil aon íoschaighdeáin le haghaidh rannpháirtíochta.

(b) Ionas gur féidir glacadh leis go bhfuil tairiscint bailí, ní mór don tairgeoir na híoschaighdeáin le haghaidh rannpháirtíochta atá foilsithe san fhógra/san Fhógra Conartha agus na Coinníollacha Dámhachtana atá sonraithe sna Doiciméid Tairisceana a chomhlíonadh.

(c) Ní mór go mbeadh na híoschaighdeáin seo réasúnta agus níor cheart na ceanglais atá sonraithe in Dearbhú Oiriúnachta le haghaidh Mionoibreacha DE atá ar fáil ag www.education.ie faoi Dhearadh Scoile > Nósanna Imeachta agus Pleananna Costais > Nósanna Imeachta na Foirne Deartha a shárú.

(d) Chomh fada is a bhaineann le Tionscadail a bhfuil luach faoi < €1,000,000 (gan CBL) luaite, ba cheart go gceanglófaí ar gach tairgeoir Dearbhú Oiriúnachta le haghaidh Mionoibreacha DE a shíniú agus é a chur ar fáil lena t(h)airiscint.

(i) Tríd an dearbhú seo a shíniú tá tairgeoirí ag tabhairt le fios go bhfuil na hÍoschaighdeáin le haghaidh Rannpháirtíochta agus na Coinníollacha le haghaidh Dámhachtana á gcomhlíonadh acu agus tá sé/sí ag deimhniú (más é/sí an tairgeoir rathúil) go soláthróidh sé/sí (laistigh de 7 lá féilire) fianaise go bhfuil gan rannóg den dearbhú seo á comhlíonadh.

Fógra eTenders

(e) Nuair atá na doiciméid Tairisceana curtha i gcrích ní mór fógra a chur ar eTenders (féach ar an Teimpléad d'fhógra eTenders).

(f) Ba cheart go sonrófaí ar an bhfógra eTenders go bhfuil Dearbhú Oiriúnachta le haghaidh Mionoibreacha DE ar fáil ag www.education.ie faoi *Dearadh Scoile > Nósanna Imeachta agus Pleananna Costais > Nósanna Imeachta na Foirne Deartha* agus ní mór an fógra a shíniú agus a chur ar fáil le tairiscintí.

(g) Ba cheart go mbeadh an fhoclaíocht seo a leanas le fáil san fhógra eTenders faoi 'Faisnéis Bhreise':

Fógra Tábhachtach:
Ceanglaítear ar thairgeoirí Dearbhú Oiriúnachta le haghaidh Mionoibreacha DE a léamh go cúramach agus a chinntiú go bhfuil na híoschaighdeáin atá sonraithe ann á gcomhlíonadh acu. Níor cheart do thairgeoirí nach gcomhlíonann na ceanglais sin tairiscint a chur ar fáil de bhrí go gcuirfear as an áireamh iad ag an gcéim dámhachtana. Tá gach Tairgeoir faoi dhliteanas le haghaidh na gcostas a bhíonn le híoc acu chun tairiscint a dhéanamh.

(h) Má úsáidtear an Nós Imeachta Oscailte agus má dhéantar fógra ar eTenders, ní ráthaíonn DE leibhéal inghlactha spéise ó chonraitheoirí. Tá sé incheadaithe agus ciallmhar teagmháil a dhéanamh le conraitheoirí oiriúnacha sa cheantar ginearálta geografach chun a n-aird a tharraingt ar an deis tairisceana agus cuireadh a thabhairt dóibh freagairt don fhógra.

Tairiscintí

(i) Ní mór tréimhse ama oiriúnacha a cheadú ionas gur féidir le tairgeoirí a dtairiscintí a thiomsú agus a sheoladh ar aghaidh. Is í an íostréimhse a cheadaítear 15 lá oibre (seachas sa chás go bhfuil oibreacha éigeandála le déanamh tráth a bhféadfaí tairbhe a bhaint as tréimhse laghdaithe).

(j) Ba cheart tairiscintí a dhéanamh i scríbhinn (ní trí r-phost)

Measúnú Tairiscintí

(k) Ba cheart tairiscintí a fhaightear ar nó roimh an dáta agus am dlite a oscailt i dteannta a chéile i ndiaidh an spriocdháta a nglacfar le tairiscintí, agus níor cheart do dhuine ar bith seachas oifigeach ainmnithe de chuid Údarás na Scoile i gcomhluadar an Chomhairleora/na gComhairleoirí iad a oscailt. Ní mór do gach duine atá i láthair na sonraí ar fad a thaifeadadh, a sheiceáil agus a shíniú.

(l) Ní mór *Dearbhú Oiriúnachta le haghaidh Mionoibreacha DE*[41] a chur ar fáil le gach Tairiscint. Ba cheart aon tairgeoir nach bhfuil dearbhú oiriúnachta sínithe agus Foirm Thairisceana sínithe ar a bhfuil an praghas sonraithe go soiléir (i bhfocail nó i bhfigiúirí) curtha ar fáil aige/aici a chur as an áireamh.

(m) Glactar leis gurb ionann an tairiscint cháilitheach is ísle (*i.e* tairiscint nach bhfuil curtha as an áireamh ag (k) thuas) agus an tairgeoir rathúil nó rogha tairgeora.

(n) Ba cheart doiciméad praghsála an Rogha tairgeora a oscailt anois agus ba cheart nóta a dhéanamh maidir le haon earráidí uimhríochtúla, rátaí ísle nó míreanna neamhphraghsáilte.

(o) Ba cheart teagmháil a dhéanamh leis an rogha tairgeora agus an fhaisnéis atá sonraithe in *Dearbhú Oiriúnachta le haghaidh Mionoibreacha DE* a lorg uaidh/uaithi (laistigh de 7 lá). (Ba cheart úsáid a bhaint as teimpléad na Litreach Intinne atá le fáil in Aguisín D)

(i) Ag an am céanna, má athraíodh a F(h)oirm Thairisceana ar bhealach ar bith (*e.g.* breiseanna, easnaimh nó leasuithe, ba cheart deis a thabhairt dó/di (i scríbhinn) na cáilíochtaí sin a aistarraingt. (Mura n-aistarraingítear a leithéid de cháilíochtaí, ba cheart diúltú don tairiscint.)

(ii) Ba cheart aird an rogha tairgeora a tharraingt ar aon earráidí uimhríochtúla, rátaí ísle nó míreanna neamhphraghsáilte agus ba cheart deis a thabhairt dó/di (i scríbhinn) seasamh lena t(h)airiscint nó a t(h)airiscint a aistarraingt. Níor cheart cead a thabhairt dó/di a t(h)airiscint a cheartú.

(iii) Sa chás go bhfuil tairiscint chomh híseal sin go mbreithníonn an Comhairleoir/na Comhairleoirí go bhféadfadh an inmharthanacht a bheith i mbaol, ní mór cúrsaí a phlé go mion leis an gconraitheoir. Má tá an conraitheoir sásta seasamh lena t(h)airiscint, ní mór go mbeadh an Comhairleoir/na Comhairleoirí sásta go bhfuil eolas cuimsitheach ag an gconraitheoir ar mhéid, raon agus nádúr na n-oibreacha agus nósanna imeachta rialaithe costas iarchonartha, go bhfuil leordhóthanach a t(h)airisceana léirithe aige/aici agus go bhfuil an acmhainn airgeadais aige/aici an tionscadal a chríochnú.

(p) Nuair a fhaightear fianaise maidir le *Dearbhú Oiriúnachta le haghaidh Mionoibreacha DE*, ba cheart an fhianaise sin a scrúdú agus a fhíorú.

(i) Níor cheart an rogha tairgeora a chur as an áireamh mar gheall ar phointe teicniúil (sula gcuirtear an rogha tairgeora as an áireamh ba cheart soiléiriú maidir le míreanna neamhchomhlíontacha dá leithéid a lorg).

(ii) Glactar, áfach, le míreanna neamhchomhlíontacha substaintiúla (*e.g.*. Teip iomlán inniúlacht H&S a léiriú nó easpa dea-theiste maidir le tionscadail den mhéid céanna agus atá chomh casta céanna a chur i gcrích) mar bhonn le haghaidh eisiaimh agus ní nithe iad ar féidir iad a shoiléiriú).

(iii) Má lorgaítear soiléiriú maidir le haon mhír agus mura réitíonn an rogha tairgeora an fhadhb, níor cheart aon seans eile a thabhairt don tairgeoir sin.

(q) Má bhreithnítear go bhfuil an rogha tairgeora neamhchomhlíontach, ba cheart an tairgeoir sin a chur as an áireamh agus ba cheart glacadh leis an gcéad tairgeora eile is ísle mar an rogha tairgeora. Ba cheart an próiseas idir 4.5(n)0 4.5(p) a chur i gcrích arís agus arís eile go dtí go n-aimsítear rogha tairgeora cháilithigh

(r) Seachas sa chás go n-aistarraingítear nó go nglactar leis go bhfuil tairgeoir neamhcháilitheach (mar atá sonraithe thuas), níor cheart don Fhoireann Deartha neamhaird a thabhairt ar an tairgeoir is ísle nó ar aon tairgeoir, mar gheall ar aon chúis eile gan dul i gcomhairle leis an Aonad Pleanála agus Foirgníochta roimh ré agus teacht agus ar chomhaontú.

9.5 Oibreacha > €1,000,000 (gan CBL)

(a) Tá treoir maidir le conas an Nós Imeachta Tairisceana Oscailte le fáil i Nósanna Imeachta na Foirne Deartha DTP 2012 Soláthar Conraitheoirí, Rannóg 3 (ar fáil ag www.education.ie).

Má úsáidtear an Nós Imeachta Oscailte agus má dhéantar fógra ar eTenders, ní ráthaíonn DE leibhéal inghlactha spéise ó chonraitheoirí. Tá sé incheadaithe agus ciallmhar teagmháil a dhéanamh le conraitheoirí oiriúnacha sa cheantar ginearálta geografach chun a n-aird a tharraingt ar an deis tairisceana agus cuireadh a thabhairt dóibh freagairt don fhógra.

(b) Tá treoir maidir le conas an Nós Imeachta Tairisceana Srianta le fáil i Nósanna Imeachta na Foirne Deartha DTP 2012 Soláthar Conraitheoirí, Rannóg 4 (ar fáil ag www.education.ie).

AGUISÍN 10 IARRATAS SOLÁTHRAÍ AONAIR/AR ÉILL

Sa chás go bhfuil sé riachtanach déileáil le soláthraí, soláthróir nó conraitheoir seirbhíse ar éill/aonair, ba cheart teacht ar chomhaontú maidir le socruithe a sholáthraíonn an luach is fearr ar airgead. Ba cheart d'úsáideoir deiridh a bheith cúramach nuair a bhíonn sé/sí ag déileáil le soláthraí, soláthróir nó conraitheoir seirbhíse a bhfuil ceart eisiach aige/aici soláthar nó seirbhís ar leith a chur ar fáil. Ba cheart socruithe neamhiata leis an dáileoirí eisiacha seo a sheachaint más féidir de bhrí go laghdaíonn siad iomaíochas nó go gcuireann siad isteach ar iomaíochas. Tá Treoirlínte Rialtais agus Treoracha AE á sárú ag socruithe den chineál sin. Ba cheart tástáil oiriúnach mhargaíochta (*i.e.* tairiscintí oscailte agus iomaíocha) a dhéanamh ag eatraimh chuí d'fhonn a chinntiú go bhfuil aird á tabhairt ar oscailteacht agus ar iomaíochas an mhargaidh. Níor cheart do Chonarthaí dá leithéid leanúint ar aghaidh le haghaidh níos mó ná trí bliana.

Sa chás gur gá déileáil le soláthraí aonair, ba cheart iarratas foirmiúil a dhéanamh i scríbhinn agus an t-iarratas a chur faoi bhráid an Bhainisteora atá Freagrach as Soláthar a chuirfidh moladh maidir le faomhadh faoi bhráid an Stiúrthóra chuí.

Tá foirm teimpléid le fáil in Aguisín 12.

Níor cheart dámhachtain conartha faoi bhun luach thairseach an AE agus gan úsáid a bhaint as próiseas iomaíoch a bhreithniú ach sna cásanna seo a leanas: -

1. Comhlíonfaidh táirge dílsithe ceanglais, cosúil le páirteanna nó comhpháirteanna trealaimh.
2. Sa chás go bhfuil cearta aonair ag gníomhaire, ceadúnaí nó sealbhóir saincheadúnais seirbhís nó táirge a sholáthar;[42]
3. Sa chás nach bhfuil ach speisialtóir cáilithe oiriúnach amháin ag feidhmiú sa réimse ábhartha.
4. Sa chás go gceanglaítear leanúnachas soláthair nó seirbhíse chun luach ar airgead a chinntiú. Ní mór faomhadh roimh ré a fháil ó Stiúrthóir OSD le haghaidh conarthaí den sórt sin.

AGUISÍN 11 MAOLÚ

Féadfar maolú a cheadú sa chás, mar gheall ar phráinn, nach féidir próiseas iomaíoch a chur i gcrích sa mhéid ama atá ceadaithe. Ní mór go mbeadh cúiseanna le haghaidh práinne tromchúiseach, neamh-intuartha agus seachas i gcásanna eisceachtúla (sábháilteacht an phobail nó a leithéid) níor cheart go mbeidís ag eascairt as gníomh nó neamhghníomh an údaráis chonarthaigh. Ní mór go mbeadh dámhachtain conarthaí dá leithéid, gan próiseas iomaíoch, á faomhadh i scríbhinn ag an Stiúrthóir ábhartha más conarthaí a bhfuil luach níos lú ná €25,000 (soláthairtí & seirbhísí) agus €50,000 (oibreacha) luaite leo nó ag an bPríomhfheidhmeannach más conarthaí a bhfuil luach níos mó ná €25,000 (soláthairtí & seirbhísí) agus €50,000 (oibreacha) luaite leo. Ní mór fianaise/doiciméid ábhartha a choimeád ar comhad chun críocha iniúchta.

[42] Áirítear i measc roinnt samplaí *City & Guilds*, QQI, ECDL etc.

AGUISÍN 12 TEIMPLÉAD D'IARRATAS SOLÁTHRAÍ AONAIR/ AR ÉILL

Ní mór an fhoirm seo a chomhlánú nuair atá sé beartaithe soláthraí aonair a úsáid chun luachan nó tairiscint aonair a fháil.

Soláthraí Molta:

Sonraigh an cineál ceannaigh:

- Earraí
- Seirbhísí
- Oibreacha

Sonraigh an cineál soláthraí

- Soláthraí Aonair
- Soláthraí Ar Éill

Cur síos iomlán ar earraí / seirbhísí / oibreacha

Luach Measta:

Cúis:

De bhrí go bhfuil sé contrártha do luach ar airgead a fháil trí iomaíochas oscailte agus cothrom, de ghnáth ba cheart gníomhaíocht soláthraí aonair a sheachaint. Soláthair sonraí iomlána maidir leis an gcúis a gcreideann tú nach bhfuil ach soláthraí amháin ann don mhír sonraithe thuas agus nach bhfuil aon rogha mhalartacha ar fáil:

Iarratas:

Ainm	**RÓL/POST**	**SÍNIÚ**	**DÁTA**

Moladh/ Faomhadh:

	BLOCLITREACHA AINM	**SÍNIÚ**	**DÁTA**
Bainisteoir Soláthair			
Stiúrthóir			
Príomhfheidhmeannach (sa chás go bhfuil leanúnach seirbhíse/soláthair riachtanach)			

AGUISÍN 13: BREXIT AGUS SOLÁTHAR POIBLÍ

Tá Nóta Eolais maidir le Brexit agus Soláthar Poiblí foilsithe ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Sonraítear ann roinnt céimeanna ba cheart do chomhlacht poiblí a bhreithniú chun ullmhú do thionchar Brexit. Tá an nóta eolais síorathraitheach agus beidh sé faoi réir athruithe. D'fhonn a chinntiú go bhfuil an leagan is déanaí agat, molann an Oifig um Sholáthar Rialtais d'oifigigh an suíomh gréasáin ogp.gov.ie/information-notes/ a sheiceáil. Tá pointe teagmhála speisialta maidir le Brexit bunaithe ag OGP. Má tá aon cheist agat maidir le Brexit seol r-phost chuig Brexit@ogp.gov.ie.

AGUISÍN 14: R-LEABHARLANN DE DHEA-CHLEACHTAIS SOLÁTHAIR PHOIBLÍ

Is bailiúchán de réitigh agus de chuir chuige a bhfuil sé mar aidhm leo próisis soláthair phoiblí a fheabhsú é an r-leabharlann seo. Tá na dea-chleachtais sa r-leabharlann dírithe go príomha ar lucht déanta beartas soláthair phoiblí agus ar oifigigh phoiblí a bhfuil baint acu le córais soláthair phoiblí a dhearadh agus a chur chun feidhme. Tá faisnéis thuairisciúil le fáil sa r-leabharlann atá deartha chun bonn eolais a sholáthar le haghaidh cinnidh maidir le glacadh le dea-chleachtas i soláthar poiblí, lena n-áirítear:

- Achoimre ar dhea-chleachtas;
- Cur síos ar an tionchar atá aige ar chuspóirí soláthair phoiblí;
- Príomhfhachtóirí ratha a bhfuil tionchar acu ar chur chun feidhme dea-chleachtais;
- Ionchur atá riachtanach le haghaidh cur chun feidhme;
- Cás-staidéir.